



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Ag Athoscailt Ár Scoileanna

An Treochlár chun Filleadh go hIomlán ar an Scoil

27 Iúil 2020

Clár na nÁbhar

Treochlár d'Athoscailt agus d'Fheidhmiú ár Scoileanna - Achoimre Feidhmeach	4
Comhairle Sláinte Poiblí	6
Pleananna do Scoileanna um Fhreagairt do COVID-19	9
Bearta agus Athruithe Oibríochta atá le feidhmiú i Scoileanna	12
Tacú le Dea-shláinteachas Lámh agus é a Chur Chun Cinn	13
Réimeanna Glantacháin Breisithe inár Scoileanna	14
Cloí le Scaradh Fisiciúil i Scoileanna	16
Tacaíochtaí Breise atá ar Fáil do Scoileanna	21
Tacaíocht Bhreise do Bhunscoileanna	22
Tacaíocht Bhreise d'Iar-bhunscoileanna	28
Tacaíocht Bhreise do Scoileanna agus do Ranganna Speisialta	32
Rochtain ar an gCreat Soláthair & Maoinithe chun tacú le Sláinteachas Lámh & Riachtanais PPE laistigh de Scoileanna	34
Socruithe chun Leanaí a Thabhairt chuig ár Scoileanna ar Bhealach Sábháilte;	35
Ag Tacú le Folláine na bPobal Scoile	37
Treoir maidir le Foghlaim agus Cláir Scoile in 2020/21	41
Treoir Churaclaim – Prionsabail Ghinearálta	41
Leibhéal na Bunscoile	42
Ag Tacú le Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais (SEN) acu	43
Leibhéal na hIar-bhunscoile	43
Measúnú don Teastasú	44
Athchóiriú Curaclaim a Chur ar Sos	45
Soláthar do Bhaill Foirne agus do Scoláirí Ardriosca agus socruithe sa chás go ndúnfar scoil amach anseo	48
Tacú le scoláirí atá “go mór i mbaoil” de bharr COVID-19	48
Ag Tacú le Teagasc agus Foghlaim sa bhaile i gcás dúnadh scoile ar bhonn áitiúil	49
Socruithe Leanúnacha i gComhair Cumarsáide	51
Rannpháirtíocht Leanúnach na bPáirtithe Leasmhara	51
Soláthar ábhar Tacaíochta do scoileanna	52

Ábhair chun tacú le scoláirí, tuismitheoirí agus pobail scoile maidir le filleadh go sábháilte	52
Bealaí Cumarsáide Díreacha do Scoileanna	53
Conas a bheidh scoileanna nuair a athosclófar iad?	54

Treochlár chun Filleadh go hIomlán ar an scoil - Achoimre Feidhmeach

Tá beagnach 1 mhilliún scoláire ag freastal ar scoil in earnáil na bunscoile agus na hiar-bhunscoile, ar fud tuairim is 4,000 scoil, agus beagnach 100,000 ball foirne fostaithe iontu.

Nuair a fógraíodh ar an 12 Márta go raibh na scoileanna, na coláistí, na hollscoileanna agus na háiseanna foghlama go léir á ndúnadh, cuireadh tús le sraith dúshlán ar fud earnáil an oideachais mar thoradh ar COVID-19.

Agus sinn ag déanamh ár mbealaigh trí na dúshláin sin, bhí leas na scoláirí agus a dteaghlach, chomh maith le leas na foirne, mar phríomhthosaíocht againn i gcónaí.

Leagtar amach sa Treochlár seo an bealach a mbeidh scoileanna ag athoscailt do gach scoláire ag deireadh mhí Lúnasa agus conas a bheidh ár scoileanna ag feidhmiú agus inbhuanaithe i gcomhthéacs COVID-19. Rinneadh é a fhorbairt ag teacht le [comhairle sláinte poiblí](#) a d'eisigh an tIonad Faireachais um Chosaint Sláinte (HPSC), dar teideal *Treochlár don tSochaí agus don Ghnó*¹, agus i ndiaidh dul i mbun dianchomhráite cuimsitheacha leis na páirtithe leasmhara, lena n-áirítear comhlachtaí bainistíochta scoile agus ionadaithe foirne. Tá cuir chuige a glacadh i ndlíní eile, a tugadh chun críche le cúpla seachtain anuas, á léiriú ann freisin.

Oibríocht ollmhór lóistíochtúil is ea próiseas na hathoscailte, ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn áitiúil do scoileanna aonair. Leagtar amach sa Treochlár seo:

1. An **Chomhairle Sláinte Poiblí** a bhaineann le hathoscailt scoileanna atá curtha ar fáil ag HPSC;
2. Na **Pleananna um Fhreagairt do COVID-19** do Bhunscoileanna, do Scoileanna Speisialta agus d'Iar-bhunscoileanna, ag teacht leis an **bPrótacal chun Filleadh go Sábháilte ar an Obair**, atá le cur i bhfeidhm roimh athoscailt na scoileanna.

¹ Tá sé cinn de phríomhphrionsabail leagtha amach sa Treochlár chun an tSochaí agus an Gnó a Athoscailt mar seo a leanas:

Sábháilte Réasúnach -	faoi threoir measúnú sláinte poiblí ar riosca lena n-áirítear breithniú ar na buntáistí agus na tionchair shóisialta agus gheilleagracha a bheadh ag aon mhaolú ar shrianta agus an fhéidearthacht a bhaineann leis
Bunaithe ar Fhianaise	úsáidtear na sonraí agus an taighde go léir atá ar fáil dúinn chun an smaointeoireacht a threorú
Cóir	tá sé eiticiúil agus léiríonn sé meas ar dhínit an duine, ar neamhspleáchas agus tacaíonn sé le comhionannas
Oscailte agus trédhearcach	tá na cinntí soiléir, cuirtear in iúl go maith iad agus tá siad faoi réir na srianta agus na gceartúcháin atá riachtanach
An tSochaí ina hIomláine	bunaithe ar choincheap na dlúthpháirtíochta agus ag tacú le comhtháthú de réir mar a fhágaimid le himeacht ama

3. Na **Bearta atá le Cur i bhfeidhm sna Scoileanna** chun (i) an baol a bhaineann le hionfhabhtú a thabhairt isteach inár scoileanna a íoslaghdú; agus (ii) bainistiú a dhéanamh ar an mbaol go scaipfidh sé trí:
 - Sláinteachas lámh atá rialta agus go maith;
 - Sláinteachas maith riospráide agus dea-bhéasa i dtaca le casacht;
 - Réimeanna glantacháin breisithe; agus
 - Cloí le scaradh fisiciúil sa seomra ranga agus laistigh de scoileanna;
4. an fhoireann de **Thacaíochtaí Breise** atá ar fáil do scoileanna chun a bPlean um Fhreagairt do COVID-19 a chur i bhfeidhm agus feidhmiú ar bhealach inbhuanaithe;
5. Na socruithe chun **Leanaí a Thabhairt chuig ár Scoileanna ar Bhealach Sábháilte**;
6. An bealach a dtabharfar tacaíocht do **Mheabhairshláinte agus d'Fholláine ár Scoláirí agus ár bhFoirne** le linn phróiseas na hathoscailte,
7. Treoir maidir le **Foghlaim agus Cláir Scoile in 2020/21**
8. Conas a fhéadfaidh scoileanna tacú leis na baill foirne agus leis na scoláirí nach bhfuil ar a gcumas freastal ar scoil ar chúiseanna sláinte a bhaineann le COVID-19 agus i gcás dúnadh scoile amach anseo;
9. Na **Socruithe Cumarsáide** atá i bhfeidhm lena chinntiú go mbeidh eolas atá soiléir, ábhartha agus tráthúil ag scoileanna, ag pobail scoile agus ag na páirtithe leasmhara go léir chun tacú le hathoscailt agus le feidhmiú leanúnach scoileanna; agus
10. Achoimre ghairid ar **an mbealach a mbeidh scoileanna** nuair a athosclófar iad.

Athosclófar na scoileanna do na scoláirí go léir ó dheireadh mhí Lúnasa.

Comhairle Sláinte Poiblí

Ar an 24 Meitheamh 2020, d'eisigh HPSC [COVID-19 Moltaí Eatramhacha chun scoileanna agus áiseanna oideachais a athoscailt](#) (an 'Chomhairle Sláinte Poiblí') chuig an Roinn Oideachais chun bonn eolais a chur faoi threoir do shuíomhanna oideachais a bhainfeadh go díreach leis an earnáil.

Forbraíodh an Chomhairle Sláinte Poiblí eatramhach agus eipidéimeolaíocht reatha COVID-19 in Éirinn mar chomhthéacs aici, agus luaitear go sonrach inti go ndéanfar í a uasdátú chun an cás a léiriú de réir mar a athraíonn sé. Lean an Roinn agus an tAire de bheith i mbun teagmhála leis na húdaráis sláinte ó foilsíodh na moltaí eatramhacha. Leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag obair leis na húdaráis sláinte agus cuirfidh sí aon athruithe atá riachtanach chun tacú le hathoscailt scoileanna i bhfeidhm de réir mar is cuí ag teacht le hathruithe ar bith a thiocfaidh ar an gcomhairle sláinte poiblí chun scaipeadh COVID-19 a bhainistiú. Tá sé deimhnithe nach bhfuil aon athrú faoi láthair ar an gcomhairle sláinte poiblí a thug HPSC ag deireadh mhí an Mheithimh 2020 maidir le hathoscailt scoileanna agus áiseanna oideachais. Déanfaidh na húdaráis sláinte athbhreithniú air seo de réir mar a thiocfaidh fianaise chun cinn ó thíortha eile a ndearnadh scoileanna a athoscailt iontu.

Tá sé mar aidhm ag na bearta a leagadh amach sa Chomhairle Sláinte Poiblí *“íoslaghdú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le COVID-19 i gcás daoine óga, múinteoirí, agus baill foirne eile, a dteaghlaigh agus an pobal i gcoitinne, agus aitheantas á thabhairt don tábhacht a bhaineann leis an oideachas i dtaca le sláinte agus folláine agus go bhfuil an t-oideachas saor in aisce a chuireann an Stát ar fáil mar cheart bunúsach faoin mbunreachta”* agus cuirtear treoir shoiléir ar fáil maidir le feidhmiú sábháilte scoileanna trí COVID-19 a chosc, a bhrath go luath agus a smachtú i scoileanna, agus é sin bunaithe ar dhá mholadh ginearálta.

1. An riosca a bhaineann le COVID-19 a thabhairt isteach i bpobal na scoile a íoslaghdú; agus
2. An riosca a bhaineann lena scaipeadh a bhainistiú trí:
 - Shláinteachas rialta lámh;
 - Cloí le scaradh fisiciúil;
 - Sláinteachas riospráide agus béasa i dtaca le casacht a chur i bhfeidhm; agus
 - Sláinteachas timpeallachta.

Rinneadh na Doiciméid Threoracha go léir de chuid na Roinne dá dtagraítear sa Treochlár, go háirithe na Pleananna agus na Teimpléid um Fhreagairt do COVID-19, a fhorbairt chun teacht leis an gComhairle Sláinte Poiblí.

Taobh amuigh den treoir shonrach mhionsonraithe taobh istigh den Chomhairle Sláinte Poiblí, tá roinnt téamaí leathana léirithe sa chomhairle, ar téamaí iad atá fíorthábhachtach maidir lenár gcumas an riosca a bhaineann le COVID-19 inár scoileanna a íoslaghdú:

- **Cur Chuige Cothrom**

“Ceann de na príomhdhúshláin atá roimh scoileanna le linn na paindéime seo is ea cothromaíocht a aimsiú idir an gá atá le leibhéal cúraim atá praiticiúil agus ciallmhar agus an gá atá le timpeallacht chuiditheach a chur ar fáil do dhaltai/scoláirí agus ina bhféadfaidh múinteoirí dul i mbun caidrimh le daltaí ar bhealach a thacaíonn lena gcuid foghlama.

- **Ciall Choiteann a Úsáid**

“D’fhéadfadh an iomarca imní faoi ionfhabhtú agus faoi shláinteachas dochar a dhéanamh do mhúinteoirí agus do dhaltai agus do chaighdeán an eispéiris foghlama agus ag an am céanna nach laghdófaí an baol ionfhabhtaithe níos mó ná mar a dhéanfaí dá mbeadh cur chuige ciallmhar i bhfeidhm.

- **Cruthaigh Feasacht**

“Tá feasacht níos mó ag teastáil i measc baill foirne, tuismitheoirí agus leanaí (nuair atá sin oiriúnach de réir aoise) ionas go mbeidh a fhios acu conas iad féin agus a chéile a chosaint agus conas na comharthaí a bhaineann le hionfhabhtú COVID-19 a aithint agus a thuairisciú.

- **Déan gach rud atá praiticiúil chun nach dtabharfar COVID-19 isteach sa scoil**

“Is í an chuid is tábhachtaí ar fad de bhainistiú rioscaí COVID-19 faoi mar a bhaineann siad le scoileanna ná gach rud atá praiticiúil a dhéanamh ionas nach dtabharfar COVID-19 isteach sa scoil. Mura dtugtar isteach an t-ionfhabhtú ní féidir leis scaipeadh. Tá gaol idir an riosca a bhaineann lena thabhairt isteach agus chomh forleathan agus atá an t-ionfhabhtú sa phobal a ndéanann an scoil freastal air ag am faoi leith. Mura bhfuil an t-ionfhabhtú forleathan sa phobal, is lú an seans go dtabharfar isteach é”

- **Fan sa Bhaile mura bhfuil tú ar Fónamh**

“Níor cheart do dhuine ar bith (leanbh, múinteoir nó tuismitheoir) freastal ar shuíomh oideachais má tá sé/sí tinn nó má tá aon duine sa teach tinn agus comharthaí atá ag teacht le COVID-19 á léiriú aige/aici.

- **Lean ort ag déanamh na bpríomhbheart chun muid go léir a choinneáil slán**

Ba cheart go gcloífeadh gach duine le scaradh Sóisialta (Fisiciúil), sláinteachas lámh agus dea-bhéasa riospráide (leanaí, múinteoirí, tuismitheoirí agus cuairteoirí)”

Ionas go bhfanfaidh na scoileanna ar oscailt nuair a athosclófar iad, tá sé ríthábhachtach go leanfadh gach duine i bpobal na scoile (scoláirí, a dteaghlaigh, agus an fhoireann) den ról atá acu maidir leis an víreas a choinneáil amach as a scoil féin agus nósanna iompair a ghlacadh chucu féin atá ag teacht leis na téamaí leathana sin.

Pleananna do Scoileanna um Fhreagairt do COVID-19

Tá an [Prótacal chun Filleadh go Sábháilte ar an Obair](#), a d'ullmhaigh an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus an Roinn Sláinte, ceaptha chun:

- tacú le fostóirí agus le hoibrithe bearta a dhéanamh a choiscfidh scaipeadh COVID-19 san ionad oibre; agus
- a nósanna imeachta agus a gcleachtais san ionad oibre a oiriúnú chun cloí go hiomlán leis na bearta um chosaint sláinte phoiblí a bhaineann le COVID-19 agus a mheas Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go raibh siad riachtanach.

Leagtar amach ann na céimeanna nach mór a ghlacadh sula ndéantar ionad oibre a athoscailt, agus trína chuid oibríochta, lena n-áirítear:

- oiliúint ionductaithe éigeantach maidir le COVID-19;
- príomhionadaí amháin ar a laghad ó na hoibrithe a cheapadh a mbeidh sé de chúram air nó uirthi a chinntiú go gcloífear go docht le bearta COVID-19 ina n-ionad oibre; agus
- Próisis chun déileáil le cásanna amhrasta de COVID-19.

Is ionaid foghlama do scoláirí iad scoileanna ach chomh maith leis sin is ionaid oibre iad. Cuirfear an Prótacal chun Filleadh go Sábháilte ar an Obair i bhfeidhm i ngach scoil. Chun tacú le scoileanna agus an Prótacal á chur i bhfeidhm acu, tá doiciméid a bhaineann leis an teimpléad don Phlean um Fhreagairt do COVID-19 ullmhaithe ag an Roinn, ar doiciméid iad atá saincheaptha chun na difríochtaí idir Iar-bhunscoileanna, Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta a léiriú.

Is é cur i gcrích agus feidhmiú an **Phlean um Fhreagairt do Covid-19** ag scoil an bealach is fearr ina bhféadfaidh scoileanna tabhairt isteach agus scaipeadh Covid-19 a chosc i dtimpeallacht na scoile. Is **doiciméad beo é atá an-tábhachtach é agus déanfar é a oiriúnú thar thréimhse ama chun comhthéacs COVID-19 a léiriú agus an comhthéacs sin ag athrú.**

Forbraíodh na teimpléid don Phlean um Fhreagairt do COVID-19 ag teacht le Comhairle Sláinte Poiblí, an treoir a chuir an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) ar fáil. Rinneadh iad a ullmhú agus a roinnt leis na comhpháirtithe oideachais. Glacadh an cur chuige láraithe sin chun an t-ualach riaracháin ar scoileanna a laghdú agus chun cur chuige comhsheasmhach a chumasú ar fud na hearnála. San áireamh sa teimpléad tá:

- Dréacht de **Dhoiciméad Polasaí COVID-19** atá le huasdátú ag gach scoil;
- Na céimeanna cuí atá le glacadh **sula bhfillfear ar an obair** agus iad le cur i gcrích ag bainistíocht agus ag foireann na scoile;

- An próiseas chun **Príomhionadaí de chuid na nOibrithe** a cheapadh ag leibhéal na scoile, faoi mar atá comhaontaithe idir an Roinn agus ionadaithe na foirne;
- **teimpléad measúnaithe riosca** chun aon rioscaí a aithint, ar rioscaí iad atá le bainistiú ag leibhéal na scoile (a forbraíodh i gcomhar leis an HSA);
- **seicliostaí éagsúla** chun go bhféadfar pleanáil agus athoscailt scoileanna a dhéanamh, lena n-áirítear oiliúint ionductaithe, tá dul i ngleic le cásanna amhrasta agus glanadh scoileanna etc san áireamh freisin;
- **Treoir maidir le rochtain shrianta** ar áis na scoile do dhaoine seachas foireann agus scoláirí chun críocha fíor-riachtanacha agus í teoranta dóibh siúd a bhfuil cead faighte ón bPríomhoide roimh ré acu agus
- Treoir a bhaineann le **daoine a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaíoch a aithint agus a leithlisiú go pras** agus caithfidh scoileanna freisin loga a choinneáil de theagmhálaithe na foirne agus na ndaltaí/scoláirí agus loga mionsonraithe um shíniú isteach/shíniú amach a choinneáil díobh siúd a thagann ar cuairt chuig an scoil.

Más rud é go bhfuil cás amhrasta de COVID-19 i scoil, leagtar amach freisin sa Treoir don Phlean um Fhreagairt do COVID-19 na céimeanna ba cheart do scoileanna a ghlacadh mar seo a leanas:

- Tabhair an duine chuig an limistéar leithlisithe ainmnithe atá ar fáil sa scoil;
- Socruithe chun teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí i gcás go bhfuiltear den tuairim go bhféadfadh an galar a bheith tolgtha ag dalta/scoláire;
- Freastal a dhéanamh ar an duine atá leithlisithe mura bhféadfaidh sé/sí dul abhaile láithreach;
- Tacú le socruithe a dhéanamh chun an duine a iompar abhaile nó má tá sé/sí róbhreosach chun dul abhaile teagmháil a dhéanamh le 999 nó 112 chun a chur in iúl gur cás amhrasta de COVID-19 atá ann;
- Measúnú a dhéanamh ar an eachtra chun gníomhartha leantacha a chinneadh; agus
- Socruithe chun glantachán cuí a dhéanamh ar na limistéir leithlisithe agus oibre.

Nuair atá cás amhrasta nó deimhnithe de COVID-19 i measc fhoireann nó scoláirí na scoile, ní mór go gcosnódh scoileanna rúndacht na foirne agus na scoláirí i gcónaí agus ní mór go leanfaidís Treoir Sláinte Poiblí FSS, agus déanfaidh Sláinte Phoiblí FSS na nithe seo a leanas:

- cuirfidh siad aon bhaill foirne/tuismitheoirí nó scoláirí a raibh dlúth-theagmháil acu leis an gcás atá diagnóisithe ar an eolas tríd an bpróiseas um rianú teagmhálaithe; agus

- rachaidh siad i dteagmháil leis na daoine ábhartha go léir más rud é go ndéantar COVID-19 a dhiagnóisiú;
- Tabharfaidh siad treoir, cás ar chás, maidir leis an ngníomh cuí ba cheart a dhéanamh maidir le feidhmiú na scoile.

Beartha agus Athruithe Oibríochta atá le feidhmiú i Scoileanna

Tá na bearta atá leagtha amach sa Chomhairle Sláinte Poiblí bunaithe ar dhá mholadh ginearálta:

1. An riosca a bhaineann le COVID-19 a thabhairt isteach i bpobal na scoile a íoslaghdú; agus
2. An riosca a bhaineann lena scaipeadh a bhainistiú trí:
 - Shláinteachas rialta lámh;
 - Cloí le scaradh fisiciúil;
 - Sláinteachas riospráide agus béasa i dtaca le casacht a chur i bhfeidhm; agus
 - Sláinteachas timpeallachta.

Maidir leis *an riosca a bhaineann le COVID-19 a thabhairt isteach i bpobal na scoile a íoslaghdú*, **tá sé fíorthábhachtach go bhfanfadh daoine sa bhaile mura bhfuil siad ar fónamh**. Níor cheart do dhuine ar bith dul ar scoil má tá an duine sin nó aon bhaill de líon tí an duine sin tinn agus comharthaí á léiriú aige nó aici atá ag teacht le COVID-19.

Agus an riosca a bhaineann le scaipeadh COVID-19, má thugtar isteach i bpobal na scoile é, á bhainistiú, leagtar amach sa chuid seo an treoir shonrach agus na tacaíochtaí atá ar fáil do scoileanna maidir le:

- Tacú le dea-shláinteachas lámh agus é a chur chun cinn;
- Réimeanna glantacháin breisithe laistigh dár scoileanna;
- Cloí le scaradh fisiciúil laistigh de scoileanna agus sa seomra ranga; agus
- Úsáid clúdach aghaidhe / masc i scoileanna.

Tacú le Dea-shláinteachas Lámh agus é a Chur Chun Cinn

Leagtar béim i gCuid 5.1 den Chomhairle Sláinte Poiblí ar an tábhacht a bhaineann le dea-shláinteachas lámh mar phríomhbheart rialaithe chun an riosca a bhaineann le scaipeadh COVID-19 a íoslaghdú má thugtar an t-ionfhabhtú isteach. Cuireann an Chomhairle Sláinte Poiblí comhairle phraiticiúil ar fáil maidir le:

- Minicíocht sláinteachais lámh;
- Bearta chun tacú le dea-shláinteachas lámh agus é a chur chun cinn;
- Treoir maidir le háiseanna chun lámha a ní, táirgí a bhaineann le níos faide ar aghaidh sa Treochlár seo).

Ba cheart do scoileanna breithniú cúramach a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun an chuid sin den Chomhairle Sláinte Poiblí a bhaineann le sláinteachas lámh a chur i bhfeidhm ina scoil féin. Chun tacú leis an obair sin, cuirfidh an Roinn na nithe seo a leanas ar fáil do scoileanna:

- rochtain ar oiliúint faoin uair ba cheart lámha a ní agus conas iad a ní i gceart.
- póstaer le cur ar taispeáint ar fud na scoile chun dea-shláinteachas lámh a chur chun cinn; agus
- Rochtain ar tháirgí agus ar thomhaltáin maidir le sláinteachas lámh trí chreat soláthair íostarraingthe láraithe (a bhfuil cur síos air níos faide ar aghaidh sa Treochlár seo).

Ina theannta sin, sna bunscoileanna, díreofar ar úsáid a bhaint as an gclár don Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) mar bhealach chun sláinteachas pearsanta a chur chun cinn, lena n-áirítear sláinteachas ceart lámh do dhaltaí óga.

Faoi mar a luadh sa Chomhairle Sláinte Poiblí *“Féadfar sláinteachas lámh a bhaint amach trí lámha a ní nó díghalrán a úsáid (nuair a fhéachann na lámha glan)”*.

De bhrí nár dearadh na háiseanna chun lámha a ní i scoileanna don leibhéal breisithe maidir le níos faide ar aghaidh sa Treochlár seo. Tá riachtanach i dtimpeallacht iar-COVID-19 gan cur isteach go suntasach ar am oideachais sa rang, cuirfear maoiniú ar fáil chun cur leis na háiseanna i gcomhair sláinteachas lámh i scoileanna. Ó tharla go bhfuil sé níos éasca díghalráin lámh a lonnú ag an mbealach isteach agus ag an mbealach amach sa scoil agus sna seomraí ranga, cuirfidh an Roinn maoiniú ar fáil do scoileanna ionas go ndéanfaidh siad díghalráin lámh a shuiteáil agus a úsáid do gach seomra ranga agus do phríomhshuíomhanna eile (bealaí isteach/amach) ina scoil féin.

Beidh rochtain ag scoileanna ar dháileoirí díghalrán lámh, agus ar sholáthar leanúnach de leacht díghalráin trí chreat íostarraingthe láraithe (a bhfuil cur síos air níos faide ar

aghaidh sa treochlár seo). Beidh an creat ar fáil le híosarraingt ó thús mhí Lúnasa agus eiseofar treoir mhionsonraithe chuig scoileanna faoin mbealach lena úsáid.

Beidh na gnéithe thuas mar ghnéithe tábhachtacha lena chinntiú go gcuirfear dea-chleachtas i dtaca le sláinteachas lámh i bhfeidhm i scoileanna

Réimeanna Glantacháin Breisithe inár Scoileanna

Ag teacht le Comhairle Sláinte Poiblí, beidh sé riachtanach réimeanna glantacháin atá níos rialta agus níos fearr a chur i bhfeidhm i ngach scoil chun bainistíocht a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le COVID-19 a thabhairt isteach agus a scaipeadh.

I gcuid 5.5 agus 5.6 den Chomhairle Sláinte Poiblí, cuirtear treoir chuí ar fáil do scoileanna maidir le glantachán éifeachtach lena n-áirítear:

- na céimeanna atá le glacadh sula ndéanfar an scoil a athoscailt;
- conas glantachán a dhéanamh;
- na roghanna maidir le gnáthghlantachán ar dhromchlaí, ar leithris agus ar threalamh agus glantachán i ndiaidh cáis de COVID-19.
- treoir maidir le trealamh comhroinnte i scoileanna a ghlanadh amhail gléasanna ceoil, ábhair ealaíne, trealamh leictreonach agus spóirt.
- treoir maidir leis an mbealach chun glantachán bréagán do leanaí óga a bhainistiú agus aire a thabhairt do threalamh agus d'áiseanna do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- an Trealamh Cosanta Pearsanta (PPE) a úsáidfear i gcomhair glantacháin i scoileanna chomh maith le bainistíocht dramhaíola a dhéanamh ar na hábhair a bhíonn fágtha mar thoradh ar ghnáthghlantachán agus i ndiaidh cásanna de COVID-19.
- gur cheart gach suíomh sa scoil a ghlanadh uair amháin in aghaidh an lae ar a laghad agus má tá rochtain ar thacaíocht ghlantacháin sa bhreis le linn uaireanta scoile ba cheart an glantachán a dhíriú ar nithe agus ar dhromchlaí a dteagmhaítear leo go minic; agus
- na céimeanna glantacháin ba cheart a ghlacadh i seomra scoile ina raibh duine a bhfuil amhras ann nó a bhfuil sé deimhnithe go bhfuil COVID-19 tolgtha aige nó aici chomh maith leis na socruithe atá riachtanach do limistéir chomhchoiteanna a bhféadfadh sé gur thug an duine sin cuairt orthu nó gur úsáid sé/sí iad.

Chun tacaíocht a thabhairt do scoileanna agus an réim ghlantacháin bhreisithe seo á feidhmiú acu ag teacht leis an gComhairle Sláinte Poiblí agus leis an bPlean um Fhreagairt do COVID-19, cuirfear na nithe seo a leanas ar fáil do scoileanna:

- seicliosta teimpléid a bhaineann le glantachán laistigh den Phlean um Fhreagairt do COVID-19;
- Modúl sa Chlár Oiliúna Ionductaithe atá dírithe ar ghlantachán; agus
- Deontas caipitíochta do COVID-19 chun an costas a bhaineann le réimeanna glantacháin breisithe laistigh de scoileanna a mhaoiniú.

Cloí le Scaradh Fisiciúil i Scoileanna

Leagtar amach sa Chomhairle Sláinte Poiblí

“.. gur féidir an prionsabal a bhaineann le scaradh a fheidhmiú ar bhealach atá úsáideach i suíomh na scoile, agus roinnt solúbthachta á cheadú nuair is gá agus ag an am céanna luaitear nach mór é a fheidhmiú ar bhealach praiticiúil, agus admhaítear nach bhféadfar bheith ag ródhíriú ar an gceist i dtimpeallacht foghlama mar gur mó dochar ná maitheas a d'fhéadfadh sé sin a dhéanamh”.

Maidir le cloí le scaradh fisiciúil baineann na bearta a bhfuil breac-chuntas orthu sa Chomhairle Sláinte Poiblí le dhá aicme leathana:

- (i) Scaradh a mhéadú;
- (ii) Laghdú a dhéanamh ar an idirghníomhaíocht idir na scoláirí féin, idir scoláirí agus an fhoireann agus idir na baill foirne agus iad le chéile;

Aithnítear ann freisin:

- go mbeidh feidhmiú an scartha fisiciúil éagsúil ar fud na n-aoiseanna agus na gcéimeanna faoi leith a bhaineann leis an bhfoghlaim;
- gur cheart bheith cúramach maidir le teannas nó coimhlint a d'fhéadfadh teacht chun cinn a sheachaint agus d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le solúbthacht i dtaca le feidhmiú na mbeart anois agus arís; agus
- nach i gcónaí a bheidh an fhoireann ábalta scaradh fisiciúil a choinneáil óna gcuid scoláirí agus nár cheart go mbeifí ag súil go ndéanfaidís sin sa chás go mbeadh tionchar diúltach aige sin ar an scoláire nó ar fhoghlaím agus ar shláinte agus sábháilteacht scoláirí eile.

Ó tharla go bhfuil suíomh éagsúil i ngach scoil maidir le (i) láthair; (ii) leagan amach fisiciúil (iii) an spás atá ar fáil laistigh den scoil; agus (iv) líon na scoláirí; is ag an scoil féin is fearr atá a fhios cén cinneadh ba cheart a dhéanamh maidir le hathchumrú cuí /maidir leis na hathruithe oibríochta atá riachtanach chun scaradh fisiciúil a choinneáil.

Tá breac-chuntas i gcuid 5.3 den Chomhairle Sláinte Poiblí ar na bearta praiticiúla ba cheart a bhreithniú agus, más cuí, a fheidhmiú i scoileanna ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile araon.

Cuireann feidhmiú na mbeart a bhaineann le hathchumrú fisiciúil i scoileanna, chomh maith leis na tacaíochtaí breise atá leagtha amach níos faide ar aghaidh sa Treochlár seo, modh oibríochta ar fáil trína bhféadfar cloí le scaradh fisiciúil laistigh de scoileanna.

Leagtar amach thíos treoir shonrach bhreise i dtaca le cloí le scaradh fisiciúil laistigh den seomra ranga ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile araon.

Cloí le scaradh fisiciúil sa seomra ranga - Bunscoileanna

Leagtar amach sa Chomhairle Sláinte Poiblí na treoirínte maidir le cloí le scaradh fisiciúil sa seomra ranga ag leibhéal na bunscoile:

- Ba cheart go gcoinneofaí achar aon mhéadar idir na deasca nó idir daltaí aonair. Aithnítear nach dócha go gcloífidh leanaí óga le scaradh fisiciúil agus iad taobh istigh. Dá bhrí sin, ní gá go mbainfí amach an moladh sin sna chéad cheithre bliana sa bhunscoil, le go n-athosclofaí bunscoil do na daltaí go léir.*
- Nuair is féidir sin a dhéanamh, ba cheart stáisiúin oibre a dháileadh ar na baill foirne agus ar na leanaí céanna i gcónaí seachas spásanna comhroinnte a bheith ann.*
- Féadfar laghdú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le hionfhabhtú a scaipeadh má dhéantar daltaí agus a gcuid múinteoirí a shocrú mar Bholgáin Ranga (i.e. rang-ghrúpa a fhanann deighilte ó ranganna eile a oiread agus is féidir) agus grúpaí discréideacha nó 'Faighneogal' laistigh de na bolgáin ranga sin, a oiread agus atá sin indéanta.*
- Má roinntear rang ina Fhaighneog, ba cheart go mbeadh méadar amháin ar a laghad idir gach Faighneog laistigh den Bholgán Ranga agus idir daoine aonair sa chochall, aon uair is féidir.*
- Tríd is tríd, is é an cuspóir atá leis ná teagmháil agus roinnt áiseanna comhchoiteanna idir daoine i mBolgáin Ranga éagsúla (agus idir Faighneoga laistigh de na Bolgáin Ranga sin) a theorannú a oiread agus is féidir, seachas gach teagmháil idir Bolgáin a sheachaint, mar nach i gcónaí is féidir é sin a dhéanamh.*
- Is é atá mar aidhm ag an gcóras laistigh den scoil ná nach mbeadh gach rang-ghrúpa ag measadh ach amháin lena rang féin ón uair a shroicheann siad an scoil ar maidin go dtí go bhfágann siad ag deireadh an lae scoile. Beart breise is ea na Faighneoga laistigh de na Bolgáin Ranga, chun méid na dlúth-theagmhála laistigh den Bholgán Ranga a theorannú.*
- Ba cheart méid na bhFaighneoga a choinneáil chomh beag agus is féidir de réir réasúin sa chomhthéacs ar leith a bhaineann leis an seomra ranga.*
- A mhéid agus is féidir, ba cheart go bhfanfadh daltaí agus an fhoireann teagaisc sna Bolgáin Ranga céanna, cé nach i gcónaí a bheidh sé sin indéanta.*
- Ba cheart go mbeadh sosanna agus amanna lóin éagsúla ag Bolgáin Ranga ar leith, nuair is féidir, nó go mbeadh limistéir éagsúla acu ag am sosa nó ag am lóin [nó d'fhéadfadh sé gur rang-bhlíanta éagsúla a bheadh anseo i.e. rang a Dó, rang a Trí etc.].*
- Ba cheart roinnt ábhair oideachasúil idir Faighneogal a sheachaint/a laghdú aon uair is féidir.*
- Ba cheart gluaiseacht foirne ó bholgán ranga amháin go bolgán ranga eile a theorannú a oiread agus is féidir.*

Chun cloí le scaradh fisiciúil sa seomra ranga, ba cheart go ndéanfadh bunscoileanna agus scoileanna speisialta na nithe seo a leanas:

1. spásanna ranga a athchumrú chun scaradh fisiciúil a uasmhéadú
2. gach spás atá ar fáil sa scoil a úsáid agus a athchumrú chun scaradh fisiciúil a uasmhéadú

Chun tacú le bunscoileanna agus le scoileanna speisialta agus scaradh fisiciúil á fheidhmiú acu sa seomra ranga, tá foireann de bhealaí léiritheacha forbartha ag an Roinn ina dtaispeántar roghanna a d'fhéadfaí a úsáid chun an seomra ranga a leagan amach (lena n-áirítear socruithe do ranganna speisialta), agus atá ag teacht leis an gcomhairle sláinte poiblí, agus glactar leis

- Go bhfuil aon troscán/seilfeanna etc ar na ballaí nach bhfuil riachtanach tógtha as an seomra
- Go bhfuil méideanna éagsúla sna seomraí ranga.

Tá nasc chuig an bhfoireann léiritheach de na bealaí ina bhféadfaí seomraí ranga i mbunscoileanna agus i súiomhanna RSO a leagan amach ar fáil anseo.

Cuirfear maoiniú ar fáil faoin deontas breisithe do mhionobreacha chun na hoibreacha a bhaineann leis an athchumrú seo ar sheomraí ranga a éascú. Cuirfear an maoiniú ar fáil do scoileanna faoi lár mhí Lúnasa.

Cloí le scaradh fisiciúil sa seomra ranga - Iar-bhunscoileanna

Agus an Chomhairle Sláinte Poiblí á feidhmiú laistigh de sheomraí ranga san iar-bhunscoil, aithnítear go bhfuil gach suíomh scoile éagsúil maidir le (i) láthair (ii) leagan amach fisiciúil (iii) an spás atá ar fáil laistigh den scoil (ii) an líon scoláirí (v) cumrú na ranganna; rochtain éasca ar spás lasmuigh den scoil.

De bhrí go n-aithnítear nach mbeadh an cur chuige céanna oiriúnach do gach scoil agus gurb iad na scoileanna féin is fearr a d'fhéadfadh an cumrú a bheadh oiriúnach dá scoil féin a chinneadh, d'fhorbair an Roinn *Creat chun cloí le Scaradh Fisiciúil sa Seomra Ranga in Iar-bhunscoileanna agus na Scoláirí go léir ag fillleadh go hiomlán don Scoilbhliain 2020/21*. Leagtar amach sa chreat foireann de bhearta atá ar fáil, ar bearta iad nach mór a fheidhmiú ag leibhéal na scoile aonair a oiread agus is féidir.

Leagtar amach an fhoireann beart seo a leanas sa chreat:

1. Spásanna ranga a athchumrú chun scaradh fisiciúil a uasmhéadú;
2. gach spás atá ar fáil sa scoil a úsáid agus a athchumrú chun scaradh fisiciúil a uasmhéadú;
3. Athbreithniú a dhéanamh ar chlár ama;
4. Ranganna a athchumrú;
5. Breithniú a dhéanamh ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as beoshruthú laistigh den Scoil; agus
6. Rochtain a fháil ar spásanna atá ar fáil sa phobal áitiúil

Cuireann an fhoireann beart seo creat praiticiúil ar fáil do scoileanna le húsáid chun cloí le scaradh fisiciúil sa seomra ranga nuair a fhillfidh na scoláirí go léir ar an scoil don scoilbhliain 2020/21.

I gcúinsí eisceachtúla, nuair nach féidir cloí le scaradh fisiciúil i rang mór ainneoin feidhmiú na mbeart seo, ansin ní mór don scoil úsáid clúdach aghaidhe/scáthlán a bhreithniú don rang mór sin. Ba cheart go ndéanadh an scoil athbhreithniú leanúnach ar an mbeart eisceachtúil seo, agus ba cheart go ndéanadh sí gach iarracht réiteach eile a fháil agus na bearta a leagtar amach ag 1 go dtí 6 thuas á n-úsáid.

Ba cheart go lonnófaí baill foirne nó scoláirí nach bhféadann clúdaigh aghaidhe a chaitheamh ar chúiseanna sláinte i seomraí ranga nó i limistéir eile aon uair is féidir. Níor cheart go mbeadh ar scoláirí clúdaigh aghaidhe nó scáthlán a chaitheamh ar feadh an lae scoile ar fad.

Tá nasc chuig an gCreat chun cloí le Scaradh Fisiciúil sa Seomra Ranga in Iar-bhunscoileanna agus na Scoláirí go léir ag fillleadh go hiomlán don Scoilbhliain 2020/21 ar fáil anseo (NASC).

Úsáid Clúdach Aghaidhe/Masc laistigh de Scoileanna

Maidir le húsáid clúdach aghaidhe/masc i scoileanna sonraítear an méid seo a leanas sa Chomhairle Sláinte Poiblí:

D'fhéadfadh sé go laghdódh maisc neamh-mhíochaine seachadadh ó dhaoine a bhfuil an víreas á shileadh acu. Mar sin féin, ní fios go baileach cé mhéad tairbhe a bhaineann leis sin (go háirithe i gcás leanaí) agus ní bhainfeadh tairbhe leis ach amháin sa chás go ndéanfaí i gceart é. Níl sé praiticiúil, i gcás mórán scoláirí, go gcaithfidís masc mar is ceart ar feadh an lae scoile ar fad. Níl clúdaigh aghaidhe atá déanta as éadach oiriúnach do leanaí atá faoi bhun trí bliana déag d'aois ná do dhuine ar bith:

- *a bhfuil trioblóid aige/aici maidir le hanálú*
- *atá gan aithne ná urlabhra nó atá ar éagumas*
- *nach bhfuil ábalta é a bhaint dó/di gan cúnamh a fháil*
- *a bhfuil riachtanais speisialta aige nó aici agus a d'fhéadfadh a bheith míshuaimhneach nó an-mhíchompordach agus clúdach aghaidhe á chaitheamh aige/aici.*

Níor cheart go n-iarrfaí ar scoláirí atá níos sine clúdach aghaidhe a chaitheamh ach níor cheart bac a chur orthu siúd ar mian leo clúdach aghaidhe a chaitheamh áit a bhfuil sé deacair cloí le scaradh sóisialta.

Tá sé ríthábhachtach go dtuigfidís siúd a bhfuil clúdach aghaidhe atá déanta as éadach á chaitheamh acu

- *nach bhfuil sé mar chuspóir aige iadsan a chosaint ach seachadadh chuig daoine eile a laghdú agus go mbraitheann an tairbhe a bhaineann leis ar an masc a bheith á chaitheamh mar is ceart féach an treoir maidir le masc a chaitheamh*
- *Fiú má tá masc á chaitheamh ag duine, ní chiallaíonn sé sin nach gá fanacht sa bhaile má tá comharthaí á léiriú ag an duine sin.*
- *Níl sé de fhreagracht ar mhúinteoirí iallach a chur ar dhaltaí maisc a úsáid*

Ag teacht leis an gComhairle Sláinte Poiblí, níor cheart go mbeadh clúdaigh aghaidhe/masc á n-úsáid ag daltaí sa bhunscoil.

In iar-bhunscoileanna, d'fhéadfadh úsáid clúdach aghaidhe/masc teacht i gceist:

- Nuair is mian leis an scoláire féin clúdach aghaidhe a chaitheamh áit a bhfuil sé deacair cloí le scaradh fisiciúil laistigh den scoil; agus/nó
- I gcúinsí eisceachtúla, i gcás, ainneoin feidhmiú na mbeart sa *Chreat chun cloí le Scaradh Fisiciúil sa Seomra Ranga in Iar-bhunscoileanna agus na Scoláirí go léir ag Filleadh go hIomlán don Scoilbhliain 2020/21*, go bhféadfadh sé nach mbeifí ábalta scaradh fisiciúil a dhéanamh ar mhodhanna eagraíochtúla i ranganna móra.

Tacaíochtaí Breise atá ar Fáil do Scoileanna

Tá €377 milliún sa bhreis á chur ar fáil ag an Roinn anois mar chaipitil agus mhaoiniú reatha chun tacú le scoileanna ionas go mbeidh ar a gcumas athoscailt ar bhealach sábháilte agus inbhuanaithe faoin dTreochlár. Déanfar maoiniú breise do riachtanais mar a bhaineann le sláinteachas lámh agus PPE faoin bPlean um Fhreagairt do COVID-19 a dheimhniú agus creat íostarraingte soláthraithe bunaithe, ag a mbeidh rochtain ar scoileanna agus ar a ndéantar cur síos níos faide ar aghaidh sa chuid seo.

Is eol don Roinn, agus na tacaíochtaí breise seo á gcur ar fáil aici, gur gá do scoileanna a bheith cinnte go gceadóidh an méid atá á chur ar fáil dóibh ní hamháin athoscailt go sábháilte ach fanacht oscailte.

Aithníonn an Roinn, i bhfianaise mhéid agus scála an chórais scoile agus na difríochtaí bunúsacha idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna agus na dúshlán ar leith a bhaineann le scoileanna agus ranganna speisialta, nach mbeadh an cur chuige céanna oiriúnach do gach scoil agus gur cheart go gceadófaí roinnt solúbthachta do scoileanna maidir leis an bhfoireann tacaíochtaí atá ar fáil anois ón Roinn a bhainistiú.

Leagtar amach sa chuid seo na tacaíochtaí agus na bearta breise atá ar fáil do bhunscoileanna, d'iar-bhunscoileanna agus do scoileanna/ranganna speisialta.

Ina theannta sin, beidh rochtain ag gach scoil ar chreat íostarraingthe láraithe agus ar mhaoiniú chun tacú le riachtanais a bhaineann le sláinteachas lámh agus PPE laistigh de scoileanna, a bhfuil cur síos air ag deireadh an ailt seo.

Ar deireadh, agus na tionchair a bhí ag dúnadh na scoileanna faoi láthair ar scoláirí i gcoitinne ach go háirithe ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste ó thaobh oideachais de á gcur san áireamh, ceapfaidh NEPS síceolaithe breise chun seirbhísí breisithe a chur ar fáil le tacaíocht a thabhairt d'fholláine ár bpobal scoile ag an am seo, agus béim faoi leith á leagan ar fholláine ar bpobal scoile speisialta.

Tacaíocht Bhreise do Bhunscoileanna

Is iad seo a leanas na tacaíochtaí breise éagsúla atá ar fáil do bhunscoileanna:

- Deontas breisithe do Mhionoibreacha chun tacú le feidhmiú iomlán na bpleananna um fhreagairt do COVID;
- Cúntóir a fhostú chun cuidiú le lóistíocht athoscailte na scoile;
- Tacaíocht bhreise bhainistíochta do scoileanna;
- An painéal píolótach soláthair do mhúinteoirí ionaid a leathnú ar bhonn náisiúnta; agus
- Tacaíochtaí breise airgid chun soláthar a dhéanamh do na costais bhreise a bhaineann le ghlantachán, sláinteachas lámh agus PPE faoi na Pleananna um Fhreagairt do COVID-19.

Mionoibreacha Breisithe chun Tacú le Feidhmiú Iomlán na bPleananna um Fhreagairt do COVID

D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le roinnt oibreacha athchumraithe laistigh de scoileanna ionas go bhféadfar na *Pleananna do Scoileanna um Fhreagairt do COVID-19* agus an Chomhairle Sláinte Poiblí a fheidhmiú go hiomlán lena n-áirítear

- A chinntiú go bhfuil leas á bhaint as gach spás atá ar fáil sa scoil chun scaradh fisiciúil a uasmhéadú go sábháilte; agus
- gur cheart an spás ranga a athchumrú chun scaradh fisiciúil a uasmhéadú

Ó tharla go bhfuil suíomh éagsúil i ngach scoil maidir le (i) láthair; (ii) leagan amach fisiciúil (iii) an spás atá ar fáil laistigh den scoil; agus (iv) líon na scoláirí; is ag na scoileanna aonair is fearr atá a fhios cén cinneadh ba cheart a dhéanamh maidir leis na hoibreacha athchumraithe atá oiriúnach dá scoil féin.

Chun tacú leis an obair sin, íocfar deontas breisithe aon uaire i leith mionoibreacha le gach bunscoil faoi lár mhí Lúnasa.

De bharr go bhfuil maoiniú á chur ar fáil do scoileanna ar an mbealach sin, beidh an tsolúbthacht is gá ag scoileanna chun na bearta fisiciúla atá riachtanach a fheidhmiú go tapa ina scoil féin i gcomhréir leis an gComhairle Sláinte Poiblí agus leis an Treochlár seo.

Tá an Deontas i leith Mionoibreacha bunaithe ar bhunráta €5,500 móide ráta de €18.50 in aghaidh an dalta (€74 i gcás daltaí i scoileanna agus i ranganna speisialta). Beidh an ghné bhreisithe den deontas i leith mionoibreacha ar aon dul leis sin (agus dá bhrí sin, an deontas do scoileanna i leith mionoibreacha á dhúbailt). Tugann an tábla thíos sampla léiritheach den luach a bhaineann le deontas i leith mionoibreacha do bhunscoileanna a bhfuil méideanna éagsúla iontu.

Méid na Scoile	An Deontas Reatha i leith Mionoibreacha	An Ghné Mhéadaithe a bhaineann le COVID-19	Iomlán an Deontais i leith Mionoibreacha
60	€6,610.00	€6,610.00	€13,220
100	€7,350.00	€7,350.00	€14,700
200	€9,200.00	€9,200.00	€18,400
300	€11,050.00	€11,050.00	€22,100
400	€12,900.00	€12,900.00	€25,800
500	€14,750.00	€14,750.00	€29,500
Tá na ríomhanna sa tábla seo bunaithe ar líon na ndaltaí príomhshrutha agus orthu siúd amháin;			

Cúntóir a fhostú chun cuidiú le lóistíocht athoscailte na scoile

Cuirfear maoiniú ar fáil do bhunscoileanna chun cúntóir a fhostú chun cuidiú leis na socruithe fisiciúla agus lóistíochtúla atá riachtanach d'athoscailt na scoile, lena n-áirítear troscán a bhogadh, stáisiúin díghalraithe lámh a bhunú, comharthaíocht, oiliúint, cumarsáid le tuismitheoirí agus cuirfear maoiniú ar fáil do gach bunscoil ar scála aistritheach chun an obair sin a éascú. Tá leibhéal an mhaoinithe bunaithe ar mhéid na scoileanna agus leagtar amach é sa tábla thíos:

Ón Réimse Rollaithe	Líon na Laethanta
<300	2
301 -600	5
>600	10

Tacaíochtaí Breise Bainistíochta do Scoileanna

Tá maoiniú á chur ar fáil ag an Roinn do **lá amháin scaoilte in aghaidh na seachtaine** i gcomhair príomhoidí atá ag teagasc agus i gcás na mbunscoileanna sin a bhfuil príomhoide riaracháin acu, beidh laethanta scaoilte ann don phríomhoide tánaisteach. Leagtar amach an soláthar breise seo sna táblaí thíos.

Laethanta Scaoilte don Phríomhoide

Méid na Scoile	Líon na laethanta Breise d'am scaoilte
Príomhoide + 5/6	6
Príomhoide +3/4	12

Príomhoide + 0/1/2	18
--------------------	----

*ag tagairt do phoist i rang príomhshrutha

Laethanta Scaoilte do Phríomhoidí Tánaisteacha áit a bhfuil Príomhoide Riaracháin ag Scoileanna

I scoileanna ina bhfuil an Príomhoide mar Phríomhoide Riaracháin, beidh an Príomhoide Tánaisteach i dteideal Laethanta Scaoilte don Phríomhoide Tánaisteach maidir leis an scoilbhliain 2020/21 mar seo a leanas:

Méid na Scoile*	Líon na laethanta d'am scaoilte
< Príomhoide + 9	5
Príomhoide + 9 – Príomhoide + 16	10
Príomhoide + 17 – Príomhoide + 24	12
Príomhoide + 25 – Príomhoide + 32	14
< Príomhoide + 33	16
Gach Scoil Speisialta > P+4	16


*ag tagairt do phoist i rang príomhshrutha

An Painéal Píolótach Soláthair do Mhúinteoirí Ionaid a Leathnú ar Bhonn Náisiúnta

Chun tacú le hinfhaighteacht múinteoirí ionaid, tá na painéil píolótacha reatha á leathnú ag an Roinn ar bhonn náisiúnta don scoilbhliain 2020/21. Beidh leithdháileadh breise de thuairim agus 200 post mhúinteoireachta i gceist leis sin. Tá suíomh na gceantar painéil léirithe ar an léarscáil seo a leanas. De réir mar a théann an obair a bhaineann le painéil soláthair a bhunú ar aghaidh, d'fhéadfaí mionleasuithe eile a dhéanamh áit a mbaineann dúshlán le teacht ar mhúinteoirí ionaid.

Contae	Baile
Ceatharlach	Ceatharlach
An Cabhán	An Cabhán
An Clár	Inis
An Clár	Cill Rois
Corcaigh	An Cóbh
Corcaigh	Baile Mhistéala
Corcaigh	Mala
Corcaigh	Baile an Chollaigh
Corcaigh	Tuaisceart Chathair Chorcaí *
Corcaigh	Lár Chathair Chorcaí
Dún na nGall	Leitir Ceanainn
Dún na nGall	Dún na nGall
Dún na nGall	Bun Crannacha
Baile Átha	Tír an Iúir *
Baile Átha	Lár Chathair Bhaile Átha Cliath
Baile Átha	Baile Formáid
Baile Átha	Ard Aidhin *
Baile Átha	An tInbhear Mór
Baile Átha	Baile an tSaoir
Gaillimh	Baile Átha an Rí *
Gaillimh	Cathair na Gaillimhe
Gaillimh	Tuaim
Ciarráí	Trá Lí
Ciarráí	Cill Airne
Cill Dara	Maigh Nuad
Cill Dara	Baile Átha Í
Cill Dara	Léim an Bhradáin *
Cill Dara	Baile Chill Dara
Cill Chainnigh	Cathair Chill Chainnigh
Laois	Cúl an tSúdaire
Laois	Port Laoise
Liatroim	Cora Droma Rúisc
Luimneach	Caladh an Treoigh
Luimneach	An Caisleán Nua
An Longfort	An Longfort
Lú	Dún Dealgan
Lú	Droichead Átha
Maigh Eo	Clár Chlainne Mhuiris
Maigh Eo	Caisleán an Bharraigh
Maigh Eo	Béal an Átha
An Mhí	Cill Dhéagláin
An Mhí	An Uaimh *
Muineachán	Muineachán
Uíbh Fhailí	Tulach Mhór
Uíbh Fhailí	Éadan Doire
Ros Comáin	Ros Comáin
Sligeach	Sligeach
Tiobraid	An tAonach
Tiobraid	Durlas
Tiobraid	Cluain Meala
Port Láirge	Port Láirge
Port Láirge	Dún Garbhán
An Iarmhí	Baile Átha Luain
An Iarmhí	An Muileann gCearr
Loch Garman	Loch Garman
Loch Garman	Inis Córthaidh
Cill Mhantáin	An tInbhear Mór

Suíomhanna na bPainéal



Cill Mhantáin Bré
Cill Mhantáin Baile Coimín
* Painéil Soláthair Phíolótacha

Tacaíochtaí Breise Airgid do scoileanna chun costais a bhaineann le glantachán breise, sláinteachas lámh agus PPE a íoc

Chun tacú le réimeanna glantacháin breisithe a fheidhmiú i scoileanna, bainfear feidhm as íocaíocht chaipitíochta do COVID-19 mar chóras chun tacú le réimeanna glantacháin breisithe a fheidhmiú i mBunscoileanna, lena n-áirítear scoileanna agus ranganna speisialta, agus beagnach €40 milliún sa bhreis ar fáil dó sin. Cuirfear é sin ar fáil ar scála aistriúcháin ag teacht le rolluithe daltaí. Cuirfear tacaíocht bhreisithe ar fáil do scoileanna agus do ranganna speisialta.

Tá samplaí den mhéid atá iníoctha le scoileanna a bhfuil méideanna éagsúla iontu ar fáil sa tábla thíos.

Deontas forlíontach Covid do Bhunscoileanna i gcomhair costais ghlantacháin	
An Ráta Caighdeánach in aghaidh an dalta príomhshrutha	€63.00
Rollú Daltaí	Príomhshruth
Suas le 60	€3,780
100	€6,300
200	€12,600
400	€25,200
600	€37,800

Is é an deontas caipitíochta do COVID-19 an córas a úsáidfear freisin le maoiniú breise a chur ar fáil chun freastal ar chostais scoile do bhearta a bhaineann le sláinteachas lámh agus le riachtanais PPE faoin bPlean um Fhreagairt do COVID-19. Déanfar maoiniú breise chun na críche sin a dheimhniú nuair a bhunófar an creat íostarraingthe soláthraithe a ndéantar cur síos air níos faide ar aghaidh sa chuid seo.

Tacaíocht Bhreise d'Iar-bhunscoileanna

Is iad seo a leanas na tacaíochtaí breise éagsúla atá ar fáil d'iar-bhunscoileanna:

- Deontas nua i leith Mionoibreacha chun tacú le feidhmiú iomlán na bpleananna um fhreagairt do COVID-19;
- Cúntóir a fhostú chun cuidiú le lóistíocht athoscailte na scoile;
- 1,080 post múinteoireachta sa bhreis lena n-áirítear 120 post teorach;
- Tacaíochtaí breisithe i gcomhair maoirseachta; agus
- Tacaíochtaí breise airgid do scoileanna chun soláthar a dhéanamh do na costais bhreise a bhaineann le ghlantachán, sláinteachas lámh agus PPE faoi na bpleananna um fhreagairt do COVID-19.

Deontas nua i leith Mionoibreacha d'Iar-bhunscoileanna chun Tacú le Feidhmiú Iomlán na bPleananna um Fhreagairt do COVID-19

D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le roinnt oibreacha athchumraithe laistigh de scoileanna ionas go bhféadfar na *Pleananna do Scoileanna um Fhreagairt do COVID-19* agus an Chomhairle Sláinte Poiblí a fheidhmiú go hiomlán lena n-áirítear

- A chinntiú go bhfuil leas á bhaint as gach spás atá ar fáil sa scoil chun scaradh fisiciúil a uasmhéadú go sábháilte; agus
- gur cheart an spás ranga a athchumrú chun scaradh fisiciúil a uasmhéadú

Ó tharla go bhfuil suíomh éagsúil i ngach scoil maidir le (i) láthair; (ii) leagan amach fisiciúil (iii) an spás atá ar fáil laistigh den scoil; agus (iv) líon na scoláirí; is ag na scoileanna aonair is fearr atá a fhios cén cinneadh ba cheart a dhéanamh maidir leis na hoibreacha athchumraithe atá oiriúnach dá scoil féin.

Chun tacú leis an obair sin, íocfar deontas aon uaire i leith mionoibreacha le gach iar-bhunscoil incháilithe faoi lár mhí Lúnasa.

De bharr go bhfuil maoiniú á chur ar fáil do scoileanna ar an mbealach sin, beidh an tsolúbthacht is gá ag scoileanna chun na bearta fisiciúla atá riachtanach a fheidhmiú go tapa ina scoil féin i gcomhréir leis an gComhairle Sláinte Poiblí agus leis an Treochlár seo.

Tá an deontas i leith Mionoibreacha bunaithe ar bhunráta €10,000 in aghaidh na scoile móide ráta de €100 in aghaidh an scoláire (€400 i gcás scoláirí i scoileanna agus i ranganna speisialta). Tugann an tábla thíos sampla léiritheach den luach a bhaineann le deontas i leith mionoibreacha d'iar-bhunscoileanna a bhfuil méideanna éagsúla iontu.

Méid na scoile	Deontas i leith Mionoibreacha
200	€30,000.00
400	€50,000.00
600	€70,000.00
800	€90,000.00
1000	€110,000.00
Tabhair ar aird: Tá na ríomhanna sa tábla seo bunaithe ar líon na scoláirí ar an rolla agus orthu siúd amháin;	

Cúntóir a fhostú chun cuidiú le lóistíocht athoscailte na scoile

Cuirfear maoiniú ar fáil d'iar-bhunscoileanna chun cúntóir a fhostú, ar aon dul le cuntóir scrúduithe, chun cuidiú leis na socrúithe fisiciúla agus lóistíochtúla atá riachtanach d'athoscailt na scoile, lena n-áirítear troscán a bhogadh, stáisiúin díghalraithe lámh a bhunú, comharthaíocht, oiliúint, cumarsáid le tuismitheoirí. Cuirfear maoiniú ar fáil do gach iar-bhunscoil ar scála aistritheach chun an obair sin a éascú. Tá leibhéal an mhaoinithe bunaithe ar mhéid na scoileanna agus leagtar amach é sa tábla thíos:

Réimse an Rollaithe	Líon na Laethanta
níos lú na 600	15
>600	20

1,000 Post Múinteoireachta sa Bhreis

Tá 1,000 post múinteoireachta sa bhreis á gcur ar fáil ag an Roinn d'iar-bhunscoileanna atá sa scéim saoroideachais. Déanfar poist atá comhionann le 0.6 CL a leithdháileadh bunaithe, mar is gnách, ar rolluithe scoile agus beidh siad inaitheanta go soiléir i sceideal foirne na scoile.

Tacóidh an leithdháileadh seo le hobair thábhachtach an teagaisc agus na foghlama agus cuirfidh sé múinteoirí breise ar fáil chun tacú le hionadaíocht múinteoirí, chun riachtanais scartha fisiciúil a bhainistiú trí chlár ama a ath-leithdháileadh chuig méideanna ranga ina bhfuil grúpaí níos lú nuair is gá sin a dhéanamh. Déanfaidh na poist seo soláthar do thacaíochtaí bainistíochta freisin.

Cuirfear tuairim is 120 post ar fáil freisin i gcomhair treorach chun tacú le folláine scoláirí agus aitheantas á thabhairt don tábhacht ar leith a bhaineann leis an tacaíocht sin i gcomhthéacs na ndúshlán a bhaineann le paidéim COVID-19. Leis na poist sin, tabharfar an soláthar don treoir i scoileanna ar ais go dtí an leibhéal ag an raibh sé roimh an ngéarchéim airgeadais. Beidh solúbthacht ag scoileanna chun breithniú a dhéanamh ar an mbealach is fearr leis an leithdháileadh acmhainní seo a ailíniú leis na cuspóirí atá i bPlean Treorach na Scoile.

Aithnítear freisin, ainneoin an réimse beart lena n-áirítear an creat chun tacú le scaradh fisiciúil agus an leithdháileadh teagaisc agus bainistíochta dá dtagraítear anseo, go bhféadfadh sé go mbeadh roinnt dúshlán le sárú fós ionas go bhféadfar iar-bhunscoil a athoscailt go hiomlán agus é sin a dhéanamh go sábháilte. Tá roinnt post á gcur ar fáil ag an Roinn chun tacú leis na scoileanna sin agus cuirfear na mionsonraí ábhartha san áireamh i gclár cláir chuig na scoileanna.

Tacaíochtaí Breisithe i gComhair Maoirseachta

Tá maoiniú ar fiú €40m é á chur ar fáil i gcomhair maoirseacht bhreise chun tacú le scaradh fisiciúil a bhainistiú in iar-bhunscoileanna (amhail a chinntiú go ngluaisfidh scoláirí go cúramach chuig ranganna i gcomhair sainábhar, nuair nach bhfuil sé praiticiúil ná indéanta fanacht sa seomra ranga).

Cuirfear leithdháileadh maoinithe sa bhreis ar fáil do scoileanna chun tacú leis an obair sin. Beidh an leithdháileadh sin ar scála aistritheach chun rolluithe daltaí a léiriú.

Tá samplaí den mhéid atá iníoctha le scoileanna a bhfuil méideanna éagsúla iontu ar fáil sa tábla thíos.

Deontas forlíontach Covid d'iar-bhunscoileanna i gcomhair Ionadaíochta agus Maoirseachta	
An Ráta Caighdeánach in aghaidh an dalta príomhshrutha	€105
Rollú Daltaí	Príomhshruth
Suas le 200	€21,000
400	€42,000
600	€63,000
800	€84,000

Tacaíochtaí Breise Airgid do scoileanna chun costais a bhaineann le glantachán breise, sláinteachas lámh agus PPE a íoc

Cuirfear €12.4m ar fáil do scoileanna i gcomhair glantachán breisithe chun an riosca a bhaineann le scaipeadh COVID-19 i scoileanna a laghdú.

Bainfear feidhm as fócaíocht chaipitíochta COVID-19 mar chóras chun tacú le réimeanna glantacháin breisithe a fheidhmiú i scoileanna agus cuirfear €12.4m sa bhreis ar fáil chun na críche sin. Cuirfear é sin ar fáil ar scála aistritheach ag teacht le rolluithe daltaí agus cuirfear tacaíochtaí sonracha breise ar fáil do scoileanna agus do ranganna speisialta.

Tá samplaí den mhéid atá iníoctha le scoileanna a bhfuil méideanna éagsúla iontu ar fáil sa tábla thíos.

Deontas forlíontach Covid d'lar-hunscoileanna i gcomhair costais ghlantacháin	
Rollú Daltaí	Príomhshruth
200	€6,600
400	€13,200
600	€19,800
800	€26,400

Is é an deontas caipitíochta do COVID-19 an córas a úsáidfear freisin le maoiniú breise a chur ar fáil chun freastal ar chostais scoile do bhearta a bhaineann le sláinteachas lámh agus le riachtanais PPE faoin bPlean um Fhreagairt do COVID-19. Déanfar soláthar breise chun na críche sin a dheimhniú nuair a bhunófar an creat íostarraingthe soláthraithe a ndéantar cur síos air níos faide ar aghaidh sa chuid seo.

Tacaíocht Bhreise do Scoileanna agus do Ranganna Speisialta

Tá soláthar breise a dhéanamh ag an Roinn do scoileanna agus do ranganna speisialta mar aitheantas ar na dúshláin faoi leith a bheidh le sárú ag na scoileanna agus ag na ranganna sin agus iad ag déileáil le leanaí a bhfuil riachtanais chasta leighis agus chúraim acu.

Ceapfar síceolaithe breise den chuid NEPS chun seirbhísí breisithe a chur ar fáil le tacaíocht a thabhairt d'fholláine ár bpobal scoile ag an am seo, agus béim faoi leith á leagan ar fholláine ar bpobal scoile speisialta.

Gheobhaidh scoileanna speisialta maoiniú atá comhionann le 10 lá, chun cúntóir a fhostú le cuidiú leis an lóistíocht agus iad ag ullmhú don athoscailt.

Chun tacú leis an obair sin, íocfar deontas breisithe aon uaire i leith mionoibreacha le gach scoil faoi lár mhí Lúnasa. De bharr go bhfuil maoiniú á chur ar fáil do scoileanna ar an mbealach sin, beidh an tsolúbthacht is gá ag scoileanna chun na bearta fisiciúla atá riachtanach a fheidhmiú go tapa ina scoil féin i gcomhréir leis an gComhairle Sláinte Poiblí agus leis an Treochlár seo. Baineann rátaí breisithe le daltaí atá ag freastal ar scoil speisialta nó rang speisialta nasctha le scoil phríomhshrutha á chur ar fáil do scoileanna agus do ranganna speisialta. Beidh lá scaoilte amháin in aghaidh na seachtaine le fáil ag scoileanna speisialta agus ag scoileanna ina bhfuil ranganna speisialta ina bhfuil príomhoide teagaisc. Cuirfear 16 lá scaoilte ar fáil do na scoileanna sin ina bhfuil Príomhoidí Tánaisteacha riaracháin.

Tá an Roinn ag tacú le hathsholáthar Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna) atá as láthair i suíomhanna scoile.

Tá rátaí COVID-19 breisithe infíoctha i leith scoláirí atá ag freastal ar scoileanna speisialta agus ar ranganna speisialta atá nasctha le scoileanna príomhshrutha chun cúnamh a thabairt maidir leis na costais bhreise a bhaineann le glanadh seomraí ranga ina bhfuil líon beag scoláirí, agus soláthar speisialaithe á fheidhmiú.

Maoiniú ó Dheontas Forlíontach Covid 19 do Bhunscoileanna i leith costais ghlantacháin i Scoileanna Speisialta	
Líon na Múinteoirí	Maoiniú Breisithe
1	€4,620
2	€4,774
3	€7,392
4	€10,010
5	€12,628
6	€15,169
7	€17,556
8	€19,866
9	€20,944
10	€23,485
11	€26,026
12	€28,567
13	€31,108
14	€33,649
15	€36,190
16	€38,731

Is é an deontas caipitíochta do COVID-19 an córas a úsáidfear freisin le maoiniú breise a chur ar fáil chun freastal ar chostais do bhearta a bhaineann le sláinteachas lámh agus le riachtanais PPE faoin bPlean um Fhreagairt do COVID-19. Déanfar soláthar breise chun na críche sin a dheimhniú nuair a bhunófar an creat íostarraingthe soláthraithe a ndéantar cur síos air níos faide ar aghaidh sa chuid seo.

Rochtain ar an gCreat Soláthair & Maoinithe chun tacú le Sláinteachas Lámh & Riachtanais PPE laistigh de Scoileanna

Lena chinntiú go mbeidh rochtain ag scoileanna, ar bhonn luach ar airgead, ar shlabhra soláthair do Threalamh Cosanta Pearsanta (PPE), do Thomhaltáin agus do Threalamh a bhaineann leis na Pleananna um Fhreagairt do COVID-19, tá bailchríoch á chur ag an Roinn ar bhunú creata íostarraingthe soláthraithe a chuireann táirgí den chineál sin ar fáil, faoi nós imeachta éigeandála.

Táthar ag súil go mbeidh rochtain ag scoileanna ar an socrú ilsholáthraithe seo ó thús mhí Lúnasa ar aghaidh. Faoin gcreat íostarraingthe, féadfaidh scoileanna soláthraí agus na táirgí is fearr a oireann dá gcuid riachtanas a roghnú ón gcreat. Tá sé i gceist go ndéanfaí orduithe ó scoileanna a phróiseáil laistigh d'achar ama an-ghairid agus go ndéanfaí iad a sheachadadh go díreach chuig scoileanna. Eiseofar treoirlínte tionlacain chuig scoileanna go luath i mí Lúnasa maidir le rochtain ar an gcreat.

Beidh na riachtanais ar fad a bheidh ag scoileanna maidir le PPE, tomhaltáin agus trealamh faoin Treochlár seo agus do Phleananna na scoileanna um Fhreagairt do COVID-19, agus ag teacht leis an gComhairle Sláinte Poiblí, ar fáil tríd an gCreat. Ina measc sin tá:

- Dáileoirí díghalráin lámh;
- Leacht díghalraithe lámh;
- Gallúnach lámh
- Tuáillí Páipéir Aon Uaire
- Ceirtíní;
- Lámhainní;
- Aghaidhmhaisc
- Clúdaigh aghaidhe/Scáthláin
- Naprúin; agus
- Glantaigh etc.

Is trí dheontas caipitíochta do COVID-19 a eiseofar chuig scoileanna a chuirfear an maoiniú ar fáil chun costais scoile a sheasamh agus deimhneofar é nuair a bhunófar an creat íostarraingthe.

Socruithe chun Leanaí a Thabhairt chuig ár Scoileanna ar Bhealach Sábháilte;

Cuid lárnach den phleanáil maidir le hathoscailt scoileanna is ea leanaí a thabhairt chun na scoile go slán sábháilte. Is gceantair uirbeacha, ciallaíonn sé sin tacaíocht a thabhairt don Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) i dtaca le bealaí malartacha éagsúla ina bhféadfaidh leanaí taisteal chun na scoile ar bhealach sábháilte a chur chun cinn, lena n-áirítear siúl agus rothaíocht agus go ginearálta maolú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag athoscailt na scoileanna ar an gcóras iompair phoiblí. Táthar ag obair go dlúth le Bus Éireann chun pleanáil go cúramach don Scéim Iompair Scoile agus d'iompar Riachtanas Speisialta Oideachais (RSO), lena chinntiú go mbeidh sí ag feidhmiú laistigh de pharaiméadair na Comhairle Sláinte Poiblí.

Seirbhísí na Scéime Iompair Scoile

Beidh an Scéim Iompair Scoile atá á feidhmiú ag Bus Éireann thar ceann na Roinne ag feidhmiú go hiomlán mar is gnách, ag teacht le Comhairle Sláinte Poiblí, nuair a athosclófar na scoileanna don scoilbhliain 2020/21.

Agus pleanáil a déanamh chun seirbhísí iompair scoile mar is gnách a thosú an athuair cuireadh san áireamh go bhfuil difríochtaí áirithe idir iompar scoile agus iompar poiblí sa mhéid agus:

- Gur timpeallachtaí rialaithe iad seirbhísí iompair scoile.
- Go n-iompraíonn an tseirbhís iompair scoile na leanaí céanna chuig an scoil a bhfuil siad ag freastal uirthi ar bhonn laethúil.
- Is grúpa srianta d'úsáideoirí iompair atá ann a éascóidh rianú teagmhálaithe más gá.

Príomhthosaíocht is ea cloí le riachtanais sláinteachais agus leagfar amach sa chumarsáid shoiléir le tuismitheoirí leanaí nó le leanaí níos sine atá ag úsáid seirbhísí iompair scoile na riachtanais seo a leanas dóibh siúd a bheidh ag taisteal ar iompar scoile:

- Gan iompar scoile a úsáid má tá comharthaí á léiriú acu.
- Cloí le scaradh fisiciúil agus iad ag fanacht leis an iompar.
- Suí i gcónaí i suíochán réamhshannta agus le hais siblín nó linbh óna rang-ghrúpa féin (ba cheart gurb é sin an leanbh céanna an t-am ar fad).
- Díghalrán lámh a úsáid ag dul isteach ar an mbus.
- Cloí le dea-bhéasa riospráide i gcónaí nuair atáthar ag fanacht leis na seirbhísí iompair nó ar bord na seirbhísí sin.
- Teacht den bhus ina nduine agus ina nduine ar bhealach ordúil; agus
- Seachas na leanaí sin nach bhféadfaidh aghaidhmhasc ná clúdach aghaidhe a chaitheamh ar chúiseanna a bhaineann le míochaine nó le riachtanais speisialta

oideachais, éilítear ar na scoláirí eile go léir atá ag taisteal ar an scéim iarbhunoidéachais aghaidhmhaisc a chaitheamh agus iad ag fanacht leis na seirbhísí iompair nó ar na seirbhísí iompair.

Maidir le seirbhísí iompair Riachtanas Speisialta Oideachais (RSO), beidh na treoirlínte sin i bhfeidhm freisin. Cuirfear tacaíochtaí maoinithe ar fáil do scoileanna chun maisc nó scáthlár a sholáthar do Choimhdirí Bus Scoile, nuair is gá, agus na riachtanais RSO atá ag an leanbh/na leanaí ar an tseirbhís á gcur san áireamh, agus nuair nach bhféadfar cloí le scaradh sóisialta. Beidh rochtain ar na tacaíochtaí seo tríd an gcreat íostarraingte ar a rinneadh tagairt níos luaithe.

Tá Bus Éireann, i gcomhairle leis an Roinn, ag cur eolais agus teoracha ar fáil dá gcuid fostaithe féin agus do chonraitheoirí atá ar conradh chun feidhmiú ar an tSeirbhís Iompair Scoile chun iad a chur an eolas faoi:

- Na riachtanais a bhaineann le díghalrú agus le glantachán breise.
- Úsáid Trealaimh Chosanta Phearsanta ag foireann iompair scoile.
- Bearta atá le déanamh má éiríonn leanbh tinn nó má tá comharthaí á léiriú aige/aici le linn taistil.
- Prótacail sábháilteachta maidir le filladh ar an obair.

Ag Tacú le Folláine na bPobal Scoile

Réamhrá

Cuid bhunúsach de phlean na Roinne lena chinntiú go mbeidh rath ar an bhfilleadh chun na scoile agus sinn ag leanúint de bheith ag déanamh bainistíochta ar thionchar phaindéim COVID-19 is ea folláine ár bpobal scoile. Táimid ag maireachtáil faoi chúinsí eisceachtúla na laethanta seo agus tá tionchar aige sin ar fholláine gach duine ar bhealaí éagsúla agus ag amanna éagsúla. Tá imní ar dhaoine, ar ndóigh, faoin mbaol atá ann dá sláinte choirp féin agus do shláinte a ndaoine muinteartha agus tá na bearta sláinte poiblí a cuireadh i bhfeidhm in Éirinn chun scaipeadh an víris a smachtú, amhail fanacht sa bhaile agus dúnadh scoileanna, tar éis cur as go mór dóibh.

Tá cumas nádúrtha ag daoine iad féin a oiriúnú. Is é sin atá mar bhunús leis an teacht aniar atá i ndaoine. Tá ag éirí le formhór na ndaoine dul i ngleic leis an ngéarchéim seo agus beidh níos siad níos láidre agus beidh scoileanna nua acu ina diaidh. Freagraíonn a bhformhór go han-mhaith d'eolas agus do chomhairle phraiticiúil maidir le bealaí nua chun déileáil le cúrsaí agus chun fanacht gníomhach agus nasctha. Beidh cuid acu a mbeidh beagán deacrachta acu, ar chúiseanna éagsúla, iad féin a oiriúnú agus beidh gá acu le tacaíocht phraiticiúil agus shóisialta ar leibhéal níos airde ionas go bhféadfaidh siad na hathruithe riachtanacha a choinneoidh folláin iad a dhéanamh. D'fhéadfadh sé go mbeadh na hathruithe a tharla de bharr COVID-19 an-dúshlánach i gás roinnt daoine, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh tacaíochtaí praiticiúla agus meabhairshláinte ar leibhéal ard de dhíth orthu.

Táimid ag ullmhú anois d'athoscailt na scoileanna. Is eol dúinn go bhfuil formhór na scoláirí agus go deimhin a dteaghlaigh agus foireann na scoileanna ag tnúth le dul ar ais, athnascadh leis an scoil, athnascadh leis an bhfoireann agus le cairde agus luí isteach arís ar an obair scoile. Beidh athrú i gceist leis seo, beidh rialacha agus nósanna imeachta nua le foghlaim, ionas go gcoinneofar gach duine slán sábháilte. D'fhéadfadh sé go mbeadh imní ar roinnt scoláirí faoi fhilleadh ar an scoil, agus bheifí ag súil leis sin. Ní bheidh mórán deacrachtaí ag a bhformhór, áfach, tosú arís tar éis dóibh tamall a chaitheamh ag socrú síos.

Ag Tacú le Folláine: Gnéithe Bunriachtanacha

D'fhorbair agus d'ullmhaigh an Roinn freagairt chuimsitheach maidir le tacaíocht a thabhairt d'folláine pobal scoile ag an am seo agus í faoi threoir ag cúig cinn de phrionsabail bhunriachtanacha chun folláine a chur chun cinn le linn laethanta den chineál seo. Ní mór na nithe seo a leanas a chur chun cinn:


- Mothú sábháilteachta

- Mothú suaimhnis
- Mothú muintearais agus cóngais leis an scoil
- Mothú éifeachtúlachta an duine aonair agus an phobail scoile
- Mothú dóchais

Glactar go forleathan leis na prionsabail sin agus moltar go sonrach iad mar thosca cosanta chun tacú a oiread agus is féidir leis an bhfilleadh ar an ngnáthshaol agus ar an bhfolláine i ndiaidh cásanna éigeandála.

Moltar samhail shrathach tacaíochta agus í dírithe ar gach duine, bunaithe ar an eolas go bhfuil teacht aniar i ndaoine de réir nádúir, agus go ndéanfaidh a bhformhór iad féin a oiriúnú nuair a chuirfear tacaíochtaí bunúsacha atá praiticiúil agus comhbhách ar fáil dóibh agus ag an am céanna admhaítear go mbeidh tacaíochtaí sa bhreis ar leibhéal níos déine de dhíth ar roinnt grúpaí. I dtaca leis sin, beidh príomhróil chomhpháirtíochta á nglacadh ag an Roinn Sláinte; an Roinn Leanaí, Míchumais, Comhionannais agus Lánpháirtithe; chomh maith lena gcuid seirbhísí.

Bainfear leas as an ngnáthstruchtúr do thacaíocht scoile - an Contanam Tacaíochta - sa tacaíocht a chuirfidh an Roinn Oideachais ar fáil (Fíor 1). Ceadáíonn an struchtúr tacaíochta sin do scoileanna tacaíocht uilíoch a chur ar fáil do gach scoláire, agus feidhm á baint as cuir chuige a bhaineann le cosc agus idirghabháil luath, chun tacú le folláine agus leis an aistriú ar ais chun na scoile. Aithnítear freisin i gcreat an Chontanaim Tacaíochta go mbeidh gá ag roinnt scoláirí, a bhfuil deacrachtaí acu fós socrú síos ainneoin tacaíochtaí uilíocha a chur ar fáil, le tacaíocht níos spriocdhírithe, agus go mbeidh gá ag scoláirí eile a bhfuil riachtanais níos casta acu le cur chuige ina dtugtar tacaíocht ar bhonn aonair.



Fíor 1: Contanam Tacaíochta ROS

Acmhainní agus Tacaíocht do Phobail Scoile:

Beidh tacaíocht á cur ar fáil d'fholláine na foirne scoile agus treoir chun cabhrú leo bheith muiníneach agus ullmhaithe chun tacú le folláine a gcuid scoláirí mar bhonn le soláthar an chontanaim tacaíochta i scoileanna. D'oibrigh an Roinn go dlúth leis an réimse leathan de sheirbhísí agus de ghníomhaireachtaí tacaíochta atá aici², agus le FSS/seirbhísí atá á maoiniú ag FSS agus leis an tSeirbhís Tacaíochta Oideachais de chuid Tusla chun pacáiste tacaíochtaí agus acmhainní atá ailínithe agus soiléir a chruthú chun cuidiú le scoileanna maidir leis an ábhar seo. I measc na dtacaíochtaí beidh:

- Feachtas cuimsitheach cumarsáide, a sholáthraíonn teachtaireachtaí uilíocha i dtaca le sábháilteacht agus folláine do gach duine
- Leathanach gréasáin ina bhfuil rochtain ar an eolas ar fad a bhaineann le hathoscailt scoileanna, lena n-áirítear eolas faoi fholláine, agus ina bhfuil naisc chuig acmhainní, treoir agus tacaíocht ar leith
- Seimineáir ghréasáin do bhunscoileanna/scoileanna speisialta/iar-bhunscoileanna - ag tacú le folláine agus scoileanna ag athoscailt
- Sraith Straitéisí Folláine do Mhúinteoirí ina bhfuil réimse ábhar atá éasca a íoslódáil agus so-úsáidte
- Seirbhísí atá á gcur ar fáil ag an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, atá dírithe go háirithe ar phobail scoileanna speisialta
 - Seirbhís Comhairliúcháin agus Comhairle do scoileanna
 - Seirbhís Cásoibre i scoileanna
 - Seirbhís Tacaíochta agus Forbartha do scoileanna - Deiseanna Foghlama Gairmiúla do Mhúinteoirí
- Rochtain ar réimse de thacaíochtaí/d'acmhainní agus ar dheiseanna foghlama gairmiúla arna soláthar ag:
 - Seirbhísí Tacaíochta Oideachais na Roinne do Mhúinteoirí
 - Seirbhís Tacaíochta na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE)
 - An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe (NCCA)
 - Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (NCGE)
 - An tSeirbhís Tacaíochta Oideachais de chuid Tusla

² I measc na Seirbhísí/nGníomhaireachtaí Tacaíochta atá ag an Roinn tá an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST), an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (JCT), an tIonad um Cheannaireacht Scoile (CSL), Clár Náisiúnta Ionductaithe do Mhúinteoirí (NIPT), Seirbhís Tacaíochta na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA), Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (NCGE) agus an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS).

- Foireann Cothaithe Sláinte FSS
- Rochtain ar phoist mhúinteoireachta sa bhreis ag leibhéal na hiar-bhunscoile, ar poist iad ar féidir leas a bhaint astu chun tacú le treoir, le folláine agus chun tacú leis an gceannaireacht
- ríomhsheirbhísí meabhairshláinte, lena n-áirítear comhairleoireacht ar líne, arna soláthar ag soláthraithe seirbhísí FSS/atá á maoiniú ag FSS, lena n-áirítear *spunout.ie*, *Jigsaw*, *MyMind*, *Childline* agus *Turn2Me*.

Folláine Foirne Scoile a Chur Chun Cinn

Aithníonn an Roinn an gá atá le folláine foirne scoile agus le féinchúram comhchoiteann. Cuirfidh Seirbhísí Tacaíochta na Roinne, lena n-áirítear an PDST, agus CSL, tacaíocht ar fáil d'fhoirne scoile, chomh maith le Foireann Cothaithe Sláinte FSS. Tá Straitéis Sláinte Cheirde i bhfeidhm mar acmhainn tacaíochta don fhoireann i scoileanna. Is é atá mar aidhm ag an Straitéis Sláinte Cheirde ná sláinte agus folláine na bhfostaithe san ionad oibre a chur chun cinn, agus béim láidir á leagan ar chosc. Cuimsíonn an Straitéis Sláinte Cheirde an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe agus an tSeirbhís Sláinte Cheirde. Tá an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe (EAS) á soláthar ag Spectrum.Life faoin lógó Wellbeing Together: Folláine Le Chéile'.

Faoin EAS, tá líne chabhrach tiomnaithe saorghlao faoi rún ag fostaithe ag an uimhir 1800 411 057 atá ar fáil 24 uair sa lá, 365 lá sa bhliain ag cur comhairle ar fáil faoi réimse ceisteanna amhail folláine, dlí, airgeadas, eadráin, tacaíocht don bhainistíocht etc. Nuair is gá, tá comhairleoireacht ghearrthéarmach ar fáil d'fhostaithe agus dá dteaghlaigh (atá os cionn 18 mbliana d'aois agus ina gcónaí sa bhaile). Chomh maith leis sin, tá tairseach shaincheaptha agus aip ar fáil a sholáthraíonn rochtain ar phodchraoltaí agus ar bhlaganna a phléann le topaicí a bhaineann le folláine agus meabhairshláinte, saol an teaghlaigh, aclaíocht agus cothú. Ina theannta sin, cuirtear teiripe chognaíochta agus iompraíochta ar fáil. Mar chuid de na seirbhísí a sholáthraíonn Spectrum.Life, tá Bainisteoir Cothaithe Meabhairshláinte ar fáil chun tionscnaimh mheabhairshláinte agus folláine fhianaisebhunaithe a fhorbairt agus a sholáthar chun stiogma a laghdú agus chun litearthacht maidir le meabhairshláinte a fheabhsú agus chun teagmháil leis an tseirbhís a mhéadú. Beidh sraith de sheimineáir ghréasáin agus de léirithe á soláthar acu freisin chun folláine foirne a chur chun cinn i scoileanna agus scoileanna á n-athoscailt le linn na scoilbhliana seo chugainn.

Treoir maidir le Foghlaim agus Cláir Scoile in 2020/21

D'oibrigh an Roinn go dlúth leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe (NCCA) agus le Coimisiún na Scrúduithe Stáit (SEC) agus leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) chun tacú le scoileanna agus an curaclam á stiúradh acu don scoilbhliain nua.

Treoir Churaclaim – Prionsabail Ghinearálta

Aithníonn an Roinn nach mór go gcuirfí san áireamh in aon bhreithnithe ar an gcuraclam don scoilbhliain 2020/21 ag leibhéal na bunscoile/scoile speisialta agus na hiar-bhunscoile na heispéiris foghlama éagsúla a bhí ag daltaí/scoláirí le linn na tréimhse ina raibh na scoileanna dúnta, agus na bearnaí dóchúla san fhoghlaim chomh maith leis an gcomhthéacs praiticiúil ina mbeidh an teagasc agus an fhoghlaim ag tarlú sa scoilbhliain nua. Ní mór go gcuirfí san áireamh freisin sa soláthar curaclaim nach dócha gur tionchar cothrom a bhí sa tionchar a bhí ag dúnadh scoileanna ar eispéiris daltaí/scoláirí. Is é is dóichí ná gurb iad na daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, daltaí atá i mbaol de bharr míbhuntáiste oideachais, daltaí a bhfuil Béarla mar theanga bhreise acu agus daltaí atá gan dídean nó atá ag cur fúthu i soláthar díreach ba mhó a bhí thíos leis an easpa teagmhála sa seomra ranga.

Tá sraith de dhoiciméid teorach ullmhaithe ag an Roinn do scoileanna – do bhunscoileanna, iar-bhunscoileanna, scoileanna a chuireann an Idirbhliain ar fáil agus ionaid oideachais a sholáthróidh clár na hArdteistiméireachta Feidhmí in 2020/21. Tá sé mar chuspóir ag na doiciméid teorach a chinntiú go bhféadfaidh daltaí/scoláirí socrú síos ar scoil arís, go bhféadfaidh pobal uile na scoile fanacht slán sábháilte agus go bhféadfaidh daltaí/scoláirí tabhairt faoina gcuid foghlama agus í a chur chun cinn arís, agus go mbeidh siad i mbun curaclaim atá chomh hiomlán agus chomh taitheamhach agus is féidir.

Buntacaíonn na prionsabail seo a leanas leis na doiciméid teorach:

- Cloí leis na riachtanais sláinte agus sábháilteachta cuí;
- Tacú le folláine foghlaimoírí agus fhoirne scoile;
- Cothromas agus comhsheasmhacht a chinntiú i dtaca le soláthar curaclaim agus eispéiris foghlama daltaí/scoláirí;
- Tacú le daltaí/scoláirí san áit ina bhfuil siad ina gcuid foghlama agus a bhfuil de dhíth orthu chun forbairt a dhéanamh agus a bheith rathúil a sholáthar dóibh;
- Tosaíochtaí curaclaim agus teagasc a bhunú agus pleanáil dá réir;

- Comhoibriú a fhorbairt le tuismitheoirí agus le gníomhaireachtaí agus tacú leis, ar mhaithe leis na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach do dhaltaí/scoláirí ar bhealach atá cothrom agus cóir;
- Tá prionsabail bhreise i gceist ag leibhéal na hiar-bhunscoile a bhaineann le haitheantas a thabhairt do neamhspleáchas scoileanna maidir leis an mbealach a ndéantar an curaclam a phleanáil agus a stiúradh; agus
- Cur chuige i leith pleanála atá dírithe ar an bhfoghlaim, cothrom, oiriúnaitheach agus freagrúil do riachtanais daltaí/scoláirí.

Leibhéal na Bunscoile

De bhrí nach raibh formhór na ndaltaí bunscoile laistigh d'fhoirgneamh a scoile le breis agus cúig mhí anuas, ag tús na scoilbhliana, beifear ag díriú ar bhainistíocht a dhéanamh ar an tréimhse aistrithe ag fillleadh ar an scoil ón mbaile. Cé go dtugann an fillleadh ar an scoil deis do leanaí naisc shóisialta a athnuachan agus go gcuirfear fáilte roimhe sin, aithnítear freisin gur díol imní é do roinnt daltaí. Spreagfar scoileanna chun am a thabhairt do dhaltaí an caidreamh is gá a fhorbairt ionas go mbeidh siad ar fáil agus ullamh chun bheith rannpháirteach ina gcuid foghlama ar bhealach fiúntach.

Dírítear sna doiciméad ar fháilte a chur roimh na naíonáin shóisearacha chun na scoile agus tá réimse leathan acmhainní agus ábhar tacaíochta curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais agus ag an Roinn Leanaí, Míchumais, Comhionannais agus Lánpháirtíochta chun tacú leis an ngrúpa sin.

Tugtar breac-chuntas sa treoir ar na cuir chuige foghlama ba cheart do scoileanna a ghlacadh agus ar an ngá atá le bheith toilteanach féachaint an athuair ar réimsí den churaclam agus leasú a dhéanamh orthu chun an fhoghlaim a dhaingíú agus a neartú. Ina theannta sin, beidh ar scoileanna réimsí áirithe den churaclam a chur in ord tosaíochta nua, go háirithe sna seachtainí tosaigh den chéad téarma, agus níos mó ama agus dúthrachta a chaitheamh ar réimsí amhail Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte, Teanga agus Matamaitic. Táthar ag súil go mbeidh scoileanna ag bogadh i dtreo gnáthphleananna curaclaim de réir mar a fhaigheann siad léargas ar an áit ina bhfuil daltaí ina gcuid foghlama.

Tá nasc go dtí doiciméad teorach bunscoile ar fáil anseo.

Ag Tacú le Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) acu

Aithnítear go mbeidh tacaíocht ar leith de dhíth ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus iad ag aistriú ar ais chun na scoile, lena n-áirítear tacú lena bhfolláine, an imní a d'fhéadfadh a bheith orthu a mhaolú agus eispéiris foghlama a phleanáil ina gcuirfear an tionchar a bhí ag dúnadh scoileanna ar a ndul chun cinn san áireamh. Beidh tuairim is 15,000 dalta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu tar éis leas a bhaint as an soláthar samhraidh ar thacaigh an Roinn leis, agus beidh na taifid go léir ar dhul chun cinn na ndaltaí sin, pé acu ar soláthraíodh na cláir i suíomh scoile nó sa bhaile, ar fáil dá gcuid scoileanna chun tacú leis an bpleanáil dá gcuid riachtanas sa téarma nua.

Tá straitéisí breise ar fáil sa treoir chun tacú le leanaí a bhfuil ASD orthu agus gurb é is dóichí go raibh tionchar suntasach ag dúnadh scoileanna orthu siúd agus dá réir sin gur cheart eispéiris foghlama, gnáthaimh agus riachtanais chéadfacha a phleanáil go cúramach.

Leibhéal na hIar-bhunscoile

Ag leibhéal na hIarbhunscoile, aithníonn an Roinn go bhfuil an-tábhacht go deo ag baint le fáiltiú roimh scoláirí na chéad bhliana agus tacú leis an aistriú. Ba cheart go mbeadh an Pas Oideachais do na scoláirí sin faighte óna gcuid bunscoileanna chun cuidiú leis an bpleanáil dá gcuid riachtanas oideachais. Moltar tosaíocht a thabhairt sa churaclam do na príomhscileanna sa tSraith Shóisearach amhail tú féin a bhainistiú, eolas a bhainistiú, agus smaoineamh agus fanacht slán chun tacú leis na scoláirí sin. D'fhéadfadh scoileanna an fhéidearthacht a bhaineann leis na múinteoirí agus na grúpaí teagaisc céanna a choinneáil nuair is féidir mar bhealach éifeachtach chun tacú leis an aistriú i gcás grúpaí eile scoláirí iar-bhunscoile. Iarrtar ar scoileanna, go háirithe, a bheith solúbtha ina gcuid nósanna imeachta maidir le roghnú ábhar sa chúigiú bliain.

Aithnítear an tábhacht a bhaineann le folláine scoláirí agus iad ag filladh ar an scoil agus ní mór do scoileanna na nithe sin a bhreithniú agus cur chuige 'scoile uile' agus 'foirne uile' á ghlacadh acu. Ainneoin na béime atá ar fholláine, is eol don Roinn go bhfuil deacrachtaí ag roinnt scoileanna an soláthar don fholláine a mhéadú ó 300 uair an chloig go dtí 400 uair an chloig sa tSraith Shóisearach, agus mar sin féadfaidh scoileanna an soláthar breise a chur siar go dtí an scoilbhliain 2021/22.

Measúnú don Teastasú

Tá neamhspleáchas suntasach ag scoileanna i dtaca le hord agus luas na foghlama do na scoláirí ina gcuid scoileanna a chinneadh agus dá bhrí sin níl sé beartaithe ag an Roinn oiriúnuithe ar an gcuraclam a leagan síos go lárnach. Meastar gurb é an bealach is oiriúnaí chun léiriú a dhéanamh ar na dúshláin a bhí roimh scoláirí in 2019/20 agus a d'fhéadfadh a bheith rompu in 2020/21 ná oiriúnuithe a dhéanamh sna scrúduithe teistiméireachta in 2021.

An tSraith Shóisearach

- Tá laghdú déanta ar líon na measúnuithe rangbhunaithe atá le cur i gcrích acu siúd atá ag dul isteach sa tríú bliain agus tá na dátaí faoina raibh roinnt gnéithe le bheith críochnaithe curtha siar go dtí an scoilbhliain nua.
- Cuirfear mionsonraí maidir le scrúdaithe na sraithe sóisearaí in 2021 ar fáil roimh thús na scoilbhliana nua.

An tSraith Shinsearach

Aithníonn an Roinn go mbeidh gá roinnt athruithe a dhéanamh ar na socruithe measúnaithe don Ardteistiméireacht, don Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus do Ghairmchláir na hArdteistiméireachta.

Ceist an-tábhachtach nach mór a bhreithniú agus na hoiriúnuithe sin á ndéanamh is ea an gá go gcoinneofaí an taithí atá ag scoláirí agus ag múinteoirí ar struchtúr na gceisteanna agus ar chomhpháirteanna an mheasúnaithe. Ní bheidh aon ghá páipéir shamplacha a eisiúint chun na hathruithe a léiriú.

Beidh na hathruithe comhréireach den chuid is mó, ach d'fhéadfadh éagsúlacht a bheith ag baint leo, agus an comhthéacs sonracha ar fud modúl, ábhar agus clár á chur san áireamh. I ngach cás beidh meascán éigin díobh seo a leanas iontu:

- Cuirfear rogha níos leithne ar fáil do scoláirí sna scrúduithe scríofa; tacófar leis sin trí cheisteanna breise a sholáthar agus/nó míreanna éigeantacha ar scrúdpháipéir scríofa a choigeartú.
- Tabharfar na dátaí ar n-eiseofar treoracha maidir le hobair chúrsa chun cinn ionas go mbeidh am breise ag scoláirí agus ag múinteoirí i gcomhair ullmhúcháin.
- I gcuid de na hábhair, déanfar oiriúnuithe ar na riachtanais a bhaineann le scrúduithe praiticiúla; léireoidh na hoiriúnuithe sin an gá atá le rochtain ar threalamh a bhainistiú chun na gnéithe ullmhúcháin a chur i gcrích.

Tá nasc do dtí doiciméad teorach iarbhunscoile ar fáil anseo.

An Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF)

Leagtar amach i ndoiciméid teorach na Roinne an curaclam agus na socruithe measúnaithe do scoláirí ATF Bliain a 1 agus Bliain 2 don scoilbhliain 2020/21. I gcás scoláirí ATF Bliain 2 tugtar breac-chuntas ar na socruithe leasaithe chun go gcuirfear modúil, tascanna scoláirí agus na scrúduithe deiridh i gcrích go sásúil.

Tá nasc go dtí doiciméad teorach ATF ar fáil anseo.

An Idirbhliain (TY)

Leagann an Roinn amach, tríd an eolas teorach seo, conas is féidir le mórán dá bhfuil luachmhar i gclár na Idirbhliana a bheith fós mar ghné lárnach de sa scoilbhliain 2020/21. Tá an clár an-oiriúnach chun tógáil ar an dul chun cinn sa tsraith shóisearach, agus tugann sé breis ama, de réir mar is gá, chun réimsí tosaíochta a shainaithint i gcomhair forbairt scileanna agus eolais sa tsraith shinsearach. Tá sé an-oiriúnach d'úsáid na teicneolaíochta digití agus aithnítear sa treoir bealaí inar bhféadfaí cur le heispéiris san Idirbhliain trí leideanna praiticiúla pleanála. Ina theannta sin, cuireann sé i gcuimhne do scoileanna na costais a bhaineann leis an gclár seo a íoslaghdú sa timpeallacht reatha.

Tá nasc go dtí doiciméad teorach TY ar fáil anseo.

Athchóiriú Curaclaim a Chur ar Sos

Nuair a chuirtear san áireamh an t-am a cailleadh sa rang ag deireadh na scoilbhliana 2019/20, na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith roimh scoileanna ag tús na scoilbhliana nua, agus an t-ualach oibre atá ar phríomhoidí i láthair na huaire, admhaítear nach é seo an t-am is oiriúnaí chun athrú suntasach a dhéanamh ar an gcuraclam, go háirithe ag tús na scoilbhliana nua.

Chun tacú le scoileanna sna nithe praiticiúla a bhaineann le teagmháil a dhéanamh an athuir le scoláirí, glacadh roinnt cinntí tábhachtacha go gcuirfí gnéithe den athrú curaclaim a raibh tús le cur leo i mí Mheán Fómhair 2020 ar sos.

Ag leibhéal na bunscoile tá síneadh á chur leis an tréimhse chomhairliúcháin maidir leis an gcreat nua do churaclam na bunscoile go dtí deireadh na bliana ar a laghad agus tá súil go mbeidh sé curtha i gcrích faoin dara ráithe de 2021. Mar thoradh air sin, cuirfear síneadh leis an tréimhse ama do Churaclam Matamaitice na Bunscoile agus do na curaclaim a bhaineann le réimsí eile ábhar. Cuirfear tús an athuair leis an tacaíocht do Churaclam Teanga na Bunscoile go luath in 2021.

Leanfaidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe leis an obair fhorbartha sa réimse a bhaineann le hOideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) agus le stair agus cultúr an lucht siúil agus tabharfaidh an Roinn faoi obair fhorbartha maidir leis an straitéis a bhaineann leis an Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe, an straitéis don Litearthacht agus don Uimhearthacht agus an plan maidir le hoideachas STEM a chur i bhfeidhm.

Ag leibhéal na hiar-bhunscoile beidh siad seo a leanas san áireamh sa sos:

An tSraith Shóisearach – I dtús báire bhí ar scoileanna líon na n-uaireanta do sholáthar don Fholláine sa tSraith Shóisearach a mhéadú ó 300 go dtí 400 uair ó mhí Mheán Fómhair 2020. Féadfaidh siad anois é sin a chur siar go dtí mí Mheán Fómhair 2021.

An tSraith Shinsearach – Bhí roinnt scoileanna chun ábhair roghnacha nua a thabhairt isteach ó mhí Mheán Fómhair 2020 ar aghaidh, lena n-áirítear Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta, Corpoideachas agus Mandairínis, Polainnis, Liotuáinis agus Portaingéilis mar Theangacha lasachta na hArdteistiméireachta. Beidh sé de rogha ag na scoileanna sin anois feidhmiú na n-ábhar sin a chur siar go dtí mí Mheán Fómhair 2021.

Cuirfear feidhmiú na sonraíochta leasaithe d'Ealaín na hArdteistiméireachta i scoileanna siar ar feadh bliain amháin go dtí mí Mheán Fómhair 2021. Cuirfear feidhmiú roinnt de na Tuairiscíní Modúil don Ardteistiméireacht Fheidhmeach (LCA) siar ar feadh bliain amháin go dtí mí Mheán Fómhair 2021.

Ina theannta sin, tá an comhairliúchán a bhí beartaithe i dtaca leis na sonraíochtaí nua do Ghaeilge na hArdteistiméireachta sa tSraith Shinsearach á chur siar ón dara leath de 2020 go dtí an chéad leath de 2021. Cuirfear an comhairliúchán i dtaca le roinnt eile ábhar de chuid na hArdteistiméireachta siar freisin, lena n-áirítear Fisic, Ceimic, Bitheolaíocht, Arabais agus Laidin agus Sean-Ghréigis.

Lean an obair atá á déanamh ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe maidir le hathbhreithniú ar an tSraith Shinsearach ar aghaidh in 2020 agus ceaptar go gcuirfear Tuarascáil Chomhairleach na Comhairle i gcrích thart ar dheireadh na bliana.

Leanfaidh an Roinn uirthi ag obair le scoileanna chun go mbeidh ar a gcumas a bheith gasta agus freagrúil agus iad ag cinntiú go leanfaidh daltaí/scoláirí orthu ag gabháil den

churaclam a oiread agus is féidir agus go rachaidh siad ar aghaidh lena gcuid foghlama i dtimpeallacht ar líne más rud é go ndúnfar scoil aonair nó go ndúnfar scoileanna i gceantar áirithe. Eiseofar treoir bhreise agus ábhair ar líne do scoileanna i dtaca leis an ábhar sin roimh thús an téarma nua.

Soláthar do Bhaill Foirne agus do Scoláirí Ardriosca agus socruithe sa chás go ndúnfar scoil amach anseo

Cé go soláthraíonn an Treochlár d'athoscailt na scoileanna go léir do gach scoláire, ní mór go mbeadh gach scoil ullamh chun:

- soláthar a dhéanamh do scoláirí nach bhféadfaidh freastal ar an scoile ar chúiseanna sláinte a bhaineann le COVID-19, nó soláthar a dhéanamh
- sa chás go bhféadfadh sé go mbeadh scoil le dúnadh (go hiomlán nó go páirteach) ar feadh tréimhse agus le linn na tréimhse sin go gcaithfí an curaclam a sholáthar ó chian

Sa dá chás sin beidh sé riachtanach cur chuige malartach a ghlacadh maidir le soláthar agus tá an treoir ábhartha chuige sin leagtha amach thíos.

Cuirfear acmhainní ar fáil freisin do scoileanna chun athsholáthar a dhéanamh i gcás baill foirne ar tugadh le fios nach bhfuil ar a gcumas filleadh ar an ionad oibre de bharr Covid-19. Déanfar na baill foirne sin a éascú ionas go bhféadfaidh siad oibriú ón mbaile i gcomhréir leis an gcur chuige atá sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne. D'fhéadfadh tacaíocht do scoláirí atá go mór i mbaol agus nach bhféadfaidh freastal ar an scoil a bheith san áireamh leis sin.

Tacú le scoláirí atá “go mór i mbaol” de bharr COVID-19

Is eol don Roinn go bhféadfadh sé go bhfuil roinnt scoláirí ann agus nach mbeadh sé oiriúnach go bhfillfidís ar scoil ag deireadh mhí Lúnasa mar go léiríonn na treoirínte sláinte poiblí cuí go bhfuil siad “go mór i mbaol”.

Tá sé de fhreagracht ar gach scoil faoi leith a chinntiú go bhfaighidh na scoláirí sin an tacaíocht chuí ionas go mbeidh ar a gcumas bheith rannpháirteach ar bhealach sásúil san fhoghlaim.

Tá cumarsáid mhaith ríthábhachtach chun tacú leis na scoláirí sin lena chinntiú go mbeidh nasc leanúnach acu lena gcomhscoláirí agus le pobal na scoile.

Cuirfear tacaíochtaí breise ar fáil do na daltaí/scoláirí sin trí mhúinteoirí ainmnithe ó laistigh d'acmhainní foirne na scoile. Beidh sé de chead ag scoileanna a gcuid acmhainní um thacaíocht teagaisc a bhainistiú agus a athdháileadh chun freastal ar riachtanais foghlama a gcuid daltaí/scoláirí ar an mbealach is fearr is féidir, lena n-áirítear daltaí/scoláirí atá ‘go mór i mbaol’ de bharr COVID-19.

Ba cheart don mhúinteoir ainmnithe faoi stiúir Phríomhoide na Scoile:

- Dul i gcomhairle leis an múinteoir ranga agus leis an múinteoir oideachais speisialta maidir leis an ábhar curaclaim agus leis an obair ranga;
- Teacht ar acmhainní foghlama cuí;
- Tacaíocht ar bhonn aonair a chur ar fáil don dalta/scoláirí dá c(h)uid foghlama;
- Neamhspleáchas, spreagadh, gníomhaíocht agus folláine an dalta/scoláire a mhéadú;
- Cumas an dalta/scoláire a bheith ina f(h)oghlaimeoir féinistiúrtha a fheabhsú;
- Tacú le forbairt a dhéanamh ar inniúlacht dhigiteach an dalta/scoláire;
- Leas a bhaint as an ardán cumarsáide/foghlama atá á úsáid ag an scoil chun teagmháil leanúnach le comhscoláirí agus leis an múinteoir ranga a chinntiú.

Ag Tacú le Teagasc agus Foghlaim sa bhaile i gcás dúnadh scoile ar bhonn áitiúil

Le linn na tréimhse ina raibh na scoileanna dúnta chuir an Roinn sraith doiciméad ar fáil do scoileanna in earnáil na bunscolaíochta agus na scoileanna speisialta dar *teideal* [*“Treoir do Leanúnachas Scolaíochta”*](#) chun cuidiú le gairmithe oideachais agus le tuismitheoirí tacú le leanaí chun foghlaim a dhéanamh i dtimpeallacht chianda. Tharraing na himeachtaí a bhain le COVID-19 agus na srianta sláinte poiblí a raibh dúnadh scoileanna ar bhonn éigeandála mar thoradh orthu aird ar an bhfíor-riachtanas a bhaineann le scoileanna a bheith gasta maidir leis an mbealach inar féidir leo soláthar a dhéanamh don leanúnachas sa teagasc agus san fhoghlaim amach anseo.

Baineadh amach leanúnachas sa teagasc agus san fhoghlaim le linn na tréimhse éigeandála de bharr na n-iarachtaí suntasacha a rinne foireann uile na scoileanna agus iad ag obair ó chian lena chinntiú go dtacófaí le scoláirí ag an am sin. Rinne formhór na scoileanna socruithe chun dul i mbun cumarsáide le scoláirí agus tuismitheoirí agus nuálaíocht agus teacht aniar á léiriú acu maidir le freagairtí solúbtha a chur ar fáil go háitiúil.

Ar fhaitíos go dtarlódh sé go ndúnfaí scoileanna arís ar bhonn áitiúil nó ar bhonn níos forleithne chun cloí le srianta sláinte poiblí, tá sé rithábachtach go mbeadh scoileanna ullamh chuige sin. Tá uasdátú á dhéanamh ag an Roinn ar na doiciméid dá cuid a bhaineann le Treoir do Leanúnachas Scolaíochta chun tacú le scoileanna agus iad ag freagairt ar bhealach gasta sa chás go dtarlódh dúnadh scoile ar bhonn áitiúil.

Go sonrach, cuirfear treoir agus tacaíocht ar fáil do scoileanna chun socruithe a chur i bhfeidhm, ar socruithe iad a éascóidh cumarsáid le agus idir baill foirne, idir an fhoireann agus na foghlaimeoirí agus chun cuir chuige ar líne maidir le foghlaim ó chian agus foghlaim chumaisc a fhorbairt sa chás go mbeadh gá lena leithid.

Sa chás go dtagann comhairle sláinte poiblí ó Shláinte Poibí FSS ina léirítear go soiléir gur cheart scoil a dhúnadh, tabharfar tacaíocht do scoileanna chun:

- An úsáid is fearr is féidir a bhaint as na hábhair threorach a cuireadh ar fáil do gach scoil le linn na tréimhse ina raibh na scoileanna dúnta agus déanfar iad a uasdátú tuilleadh chun an fhoghlaim le linn na tréimhse éigeandála a léiriú,
- Tuismithoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas faoin áit ina bhfuil daltaí/scoláirí maidir lena gcuid foghlama,
- Gníomhaíochtaí ceachta ar bhonn teagmháil laethúil a fhorbairt a bheidh le déanamh ag daltaí bunscoile sa bhaile
- Ceachtanna a bhaineann go sonrach le hábhar ar leith a fhorbairt ag leibhéal na hiar-bhunscoile a bheidh le déanamh ag scoláirí sa bhaile,
- Teagmháil rialta a dhéanamh le tuismitheoirí chun tacaíocht agus aiseolas a thabhairt,
- Córas a bheith i bhfeidhm chun teagmháil a dhéanamh le daltaí/scoláirí ar bhonn laethúil agus nuair is féidir, tacaíocht a thabhairt do scoláirí nach bhfuil teacht acu ar theicneolaíocht dhigiteach,
- An úsáid is fearr is féidir a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha chun go bhféadfar teagmháil a choinneáil le daltaí/scoláirí agus lena gcuid foghlama ar bhonn leanúnach.

Socruithe Leanúnacha i gComhair Cumarsáide

Dírítear sa chumarsáid maidir le hathoscailt scoileanna ar a chinntiú go bhfuil eolas atá soiléir, ábhartha agus tráthúil ag scoileanna, ag pobail scoile agus ag na páirtithe leasmhara go léir chun tacú le hathoscailt agus le feidhmiú leanúnach scoileanna.

Sa chuid seo leagtar amach na socruithe maidir le

- Rannpháirtíocht Leanúnach na bPáirtithe Leasmhara
- Soláthar Ábhar Tacaíochta do Scoileanna
- Soláthar Ábhar Tacaíochta do scoláirí, tuisimitheoirí agus pobail scoile; agus
- Rochtain dhíreach ag Scoileanna ar an Roinn le linn an Phróisis Athoscailte

Rannpháirtíocht Leanúnach na bPáirtithe Leasmhara

Rinneadh an phleanáil d'athoscailt scoileanna i gcomhar leis na páirtithe leasmhara. Bhí rannpháirtíocht dhlúth na bpáirtithe leasmhara thar a bheith tábhachtach chun na dúshlán chasta a mbeidh ar scoileanna agus ar cheannairí scoile aghaidh a thabhairt orthu i roinnt réimsí a aithint. Ina measc sin, tá dúshlán lóistíochtúla maidir le riachtanais a bhaineann le glantachán agus scaradh fisiciúil a chomhlíonadh, ceisteanna curaclaim agus measúnaithe, agus folláine agus leas phobal na scoile i ndiaidh na hathoscailte.

San áireamh sa phróiseas bhí cruinnithe leis na páirtithe leasmhara le chéile, agus cruinnithe déthaobhacha ar leith leis an roinn agus le grúpaí aonair faoi cheisteanna ábhartha. Is mian leis an Roinn aitheantas a thabhairt don chur chuige cuiditheach agus comhoibriúch a ghlac na comhpháirtithe oideachais agus na páirtithe leasmhara forleathana, lena n-áirítear Ranna Rialtais agus Gnómhairesachtaí eile.

Tá na páirtithe leasmhara rannpháirteach go hiomlán leis an Roinn chun réitigh a mhúnlú agus a dhearadh, ar réitigh iad atá inoibrithe agus a bhfuil tacaíocht acu ó acmhainní atá dóthanach agus spriocdhírithe go cuí.

Tá sé mar aidhm ag na páirtithe leasmhara go léir cinnteacht a sholáthar aon uair is féidir, dul i mbun cumarsáide go hiomlán agus go tráthúil, agus aird a thabhairt ar fholláine phobal na scoile i ngach cumarsáid.

Leanfaidh an Roinn ar aghaidh i mbun dlúthchumarsáide leis na comhpháirtithe oideachais agus leis na príomhpháirtithe leasmhara eile maidir leis na gnéithe den treoir atá fanta agus a bhaineann le hathoscailt agus feidhmiú scoileanna, agus le cur i bhfeidhm na mbeart a leagtar amach sa Treochlár seo.

Soláthar ábhar Tacaíochta do scoileanna

Tá sraith ábhar á n-ullmhú ag an Roinn agus scaipfear ar scoileanna iad lena n-úsáid agus pleanáil á déanamh don athoscailt agus chun dul i mbun cumarsáide lena bpobail sula ndéanfar na scoileanna a athoscailt. Ina measc sin beidh:

- Cláir oiliúna ionductaithe don fhoireann scoile arna soláthar ag an Roinn – seimineáir ghréasáin ar shláinte agus ar shábháilteacht, ag fillleadh ar an obair go sábháilte, fillleadh ar an scoil a bhainistiú agus folláine.
- Tá oiliúint shaincheaptha á forbairt do chatagóirí éagsúla foirne scoile: múinteoirí, ionadaithe príomhoibrithe, Cúntóirí Riachtanas Speisialta, glantóirí etc.
- Treoir agus eolas tacaíochta ar ábhair churaclaím;
- Póstaer chlóite a scaipeadh ar scoileanna ar a bhfuil teachtaireachtaí tábhachtacha sláinte agus iad aoisoiriúnach: glanadh lámh, béasa maidir le sraothartach agus casachtach etc. Leaganacha digiteacha díobh sin a sholáthar do scoileanna agus soláthar breise a fhoinsiú go háitiúil más gá.
- Na hábhair dá bpobail scoile a scaipeadh ar scoileanna.
- Treoir do scoileanna agus smaointe maidir le cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daltaí agus lena dtuismitheoirí i dtaca le hathoscailt na scoileanna.

Ábhair chun tacú le scoláirí, tuismitheoirí agus pobail scoile maidir le fillleadh go sábháilte

Tá sraith ábhar á n-ullmhú ag an Roinn agus scaipfear ar scoileanna iad chun iad a chur ar fáil do scoláirí atá ag fillleadh agus dá dteaghlach sula ndéanfar na scoileanna a athoscailt. Ina measc sin beidh:

- Treoir ghairid do thuismitheoirí ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile maidir le fillleadh leanaí ar an scoil, agus béim á leagan ar eolas sláinte poiblí agus folláine
- Ábhar cumarsáide aoisoiriúnach do scoláirí maidir le fillleadh ar an scoil, agus béim á leagan ar eolas sláinte poiblí agus folláine.
- Cuirfear ábhar ar fáil don scoileanna lena scaipeadh, agus bainfidh an Roinn úsáid as modhanna digiteacha chun cuidiú leis an scaipeadh.
- Leagfar béim ar fholláine, ar rochtain agus ar chuimsiú sna hábhair go léir a chuirfear ar fáil.

Iarrfar ar scoileanna eolas a bhaineann go sonrach lena scoil a scaipeadh ar theaghlach a gcuid daltaí agus cuirfear teimpléid ar fáil dóibh chun é sin a dhéanamh.

Bainfear feidhm mar is cuí as bealaí na meán agus as gov.ie lena chinntiú go bhfuair pobal na scoile agus a dteaghlaigh an t-eolas tábhachtach atá de dhíth orthu agus iad ag fillleadh chun na scoile.

Bealaí Cumarsáide Díreacha do Scoileanna

Cuirfidh an Roinn líon tionscnamh cumarsáide ar leith i bhfeidhm chun tacú go díreach le scoileanna sa phróiseas athoscailte, lena n-áirítear:

- Leathanach gréasáin tiomnaithe chun comhroinnt eolais agus nuashonruithe a chumasú ar bhealach atá oscailte agus trédhearcach; agus
- Foireann thiomnaithe laistigh den Roinn chun déileáil le ceisteanna sonracha ó scoileanna i dtaca leis an Treochlár, na tacaíochtaí atá ar fáil etc.

Cuirfidh an fhoireann thiomnaithe laistigh den Roinn ionad ilfhreastail ar fáil i gcomhair ceisteanna ó bhainistíocht scoileanna maidir le gach gné d'fheidhmiú an Treochláir faoi mar a bhaineann sé lena scoil féin.

Conas a bheidh scoileanna nuair a athosclófar iad?

Athosclófar na scoileanna do na scoláirí go léir ó dheireadh mhí Lúnasa.

Cé gur mian le gach duine go bhfeidhmeodh scoileanna mar is gnách a oiread agus is féidir ó mhí Lúnasa na bliana seo, aithníonn gach duine go mbeidh siad ag feidhmiú i dtimpeallacht a bheidh an-éagsúil ón timpeallacht ina raibh siad ag feidhmiú i Márta na bliana seo.

Beidh scaradh fisiciúil, i bhfad níos lú idirghníomhaíochta idir ranganna agus idir rang-ghrúpaí, sosanna agaithe agus mórán solúbthachta laistigh de scoileanna chun spásanna scoile a uasmhéadú (lena n-áirítear Hallaí Corpoideachais agus Seomraí Ilfhóinteacha a úsáid mar sheomraí ranga) mar ghnéithe de thimpeallacht na scoile.

De bhrí go n-aithnítear go mbeidh réimsí móra freagairtí ann nuair a fhillfidh pobal na scoile ar an scoil, idir áthas a bheith ar leanaí agus ar thuismitheoirí agus é mar údar faoisimh acu go bhfuiltear ag filladh ar an scoil, agus leanaí eile a bheith faiteach agus neirbhíseach, cuirfear béim go sonrach ar folláine phobal na scoile agus ár ndaltaí agus scoláirí agus scoileanna ag déanamh a mbealaigh tríd an bpróiseas athoscailte. Beidh tacaíochtaí ar leith ar fáil do na leanaí sin atá ag streachailt le filladh ar an scoil, do ghrúpaí leochaileacha agus do na leanaí sin a d'fhulaing caillteanas, briseadh croí agus bás le linn na tréimhse ina raibh na scoileanna dúnta.

Táthar ag súil le hathrú cultúir in iompar scoláirí, a dteaghlach agus na foirne agus a ról féin á nglacadh acu go léir chun an víreas a choinneáil amach as a scoil féin trína chinntiú

- go bhfanfaidh siad siúd a bhfuil comharthaí á léiriú acu nó a cheapann go bhfuil an víreas tolgtha acu sa bhaile ón scoil,
- trí chloí leis an dea-chleachtas i dtaca le sláinteachas lámh agus béasa riospráideacha sa scoil, chomh maith le
- teagmháil shóisialta a íoslaghdú agus cloí leis na cleachtais i leith scaradh fisiciúil.

Mar chuid den phróiseas athoscailte scoile, táthar ag súil go dtacóidh cumarsáid fhairsing na scoile le pobal na scoile maidir leis na socrúithe sonracha a bheidh i bhfeidhm sa scoil, leis an athrú cultúir.

Tá níos mó i gceist le hathoscailt ár scoileanna ná íos-scaradh fisiciúil ar leith a bhaint amach. Baineann sé freisin le scoláirí a bheith páirteach go hiomlán arís ina gcuid foghlama, a bheith ag bualadh lena gcomhpháirtithe, agus i gcás roinnt acu beidh ullmhú do scrúduithe i gceist, i gcás roinnt eile beidh an t-aistriú chuig saol na scoile i gceist nó aistriú leibhéil ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil. Beidh tacaíocht óna dteaghlach, ó mhúinteoirí agus ó fhoireann na scoile de dhíth ar scoláirí agus iad á gcur féin in oiriúint an athuair do shaol na scoile agus do thimpeallachtaí foghlama fisiciúla.

Rachaidh pobail na scoileanna i ngleic leis na dúshláin agus leathfaidh príomhthéamaí na Comhairle Sláinte Poiblí atá riachtanach chun muid ar fad a choinneáil slán síos trí phobal na scoile, agus gach duine

**Ag úsáid ciall choiteann,
Ag glacadh cur chuige cothrom,**

Ag déanamh gach rud atá praiticiúil chun nach dtabharfar COVID-19 isteach sa scoil,

Bheith Feasach ar

- an méid is féidir linn ar fad a dhéanamh chun muid féin agus a chéile a chosaint
- an mbealach chun comharthaí COVID-19 a aithint agus a thuairisciú
- an ngá atá le fanacht sa bhaile mura bhfuilimid ar fónamh, agus

Leanúint de bheith ag cloí le scaradh fisiciúil, le dea-shláinteachas lámh agus dea-bhéasa riospráide.

Giorrúcháin

EPS	Seirbhís Soláthair Oideachais
HPSC	Lárionad Faire um Chosaint Sláinte
HSA	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
NCCA	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe
NEPS	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
NTA	An tÚdarás Náisiúnta Iompair
PPE	Trealamh Cosanta Pearsanta
SEC	Coimisiún na Scrúduithe Stáit
RSO	Riachtanais Oideachais Speisialta

